etb

Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall

*Donegal Education and Training Board*

# Tuarascáil Bhliantúil 2014




















# Ábhair an Inneacs


Réamhrá

1.1 Fís agus Ráiteas Misin
1.2 Réamhrá ó Chathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach ETB Dhún na nGall
1.3 Forbhreathnú ar Sholáthar Seirbhíse
1.4 Léarscáil

2.0 Plean Oideachais 2011-2015 Réimsí Eochairthosaíochtaí

2.1 Soláthar agus Forbairt na seirbhísí
2.2 Forbhreathnú ar Uimhreacha an Líon Rannpháirtithe

TÉAMA 1 TEAGASC & FOGHLAIM

Tosaíocht 1 Cláracha agus Seirbhísí Tacaíochta
Tosaíocht 2 Forbairt Scileanna
Tosaíocht 3 An Clár Forbraíochta Caiptiúil
Tosaíocht 4 Caidreamh Dearfa
Tosaíocht 5 Creidiúnú
Tosaíocht 6 Treoirsheirbhísí
Tosaíocht 7 Cruthaíocht agus Fiontraíocht

TÉAMA 2 EAGRAÍOCHT FHORÁSACH FHREAGRACH

Tosaíocht 8 Structúir agus Córais
Tosaíocht 9 Rialachas Corparáideach
Tosaíocht 10 Sainoilteacht
Tosaíocht 11 Tacaíochtaí Foghlama
Tosaíocht 12 Comhionannas
Tosaíocht 13 Cleachtais Athshlánaíocha
Tosaíocht 14 Solathár Seirbhísí trí mheán na Gaeilge
Tosaíocht 16 Struchtúir Eagrúchain curtha in oiriúint do róil

TÉAMA 3 AG ÚSÁID TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

Tosaíocht 17 Straitéis na Teicneolaíochta Faisnéise & Cumarsáide
Tosaíocht 18 Tacaíocht Theicneolaíoch

TÉAMA 4 AG OBAIR I GCOMHPHÁIRTÍOCHT

Tosaíocht 19 Caidreamh poiblí
Tosaíocht 20 Comhpháirtíochtaí
Tosaíocht 21 Soláthar Seirbhísí don Óige

7.0 Buaicphointí
8.0 Aguisíní

## Ár bhFís

‘Sármhaitheas i seirbhís oideachais den scoth dírithe ar an fhoglaimeoir’

## Ár Ráiteas Misin

‘Cur chun cinn, ofráil agus tacú le foghlaim inrochtana uileghabhálach a chuideoidh le mic léinn iad féin a chumasú lena lánacmhainneacht a bhaint amach’.

Cáirt 1.0 Baill Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall/ETB Dhún na nGall 2014




## Baill Bhord ETB Dhún na nGall (ó Eanáir 2014)

An Clr Martin Farren Cathaoirleach
An Clr David Alcorn
An Clr Michelle Bradley
Sinéad Gillespie
An Clr Brendan Byrne
An Clr Michael Grant
An Clr Dessie Larkin
Marietta Heraghty
Francis Mc Daid
An Clr Jack Murray
An Clr Pádraig Ó Dochartaigh
Mary Ellen Orpen
Peter Cutliffe Leas-Chathaoirleach
An Clr Joe Doherty
An Clr Jimmy Kavanagh
Oliver Mac Devitt
An Clr Jim Lynch
An Clr Philip McGlynn
An Clr Patrick McGowan
An Clr Elizabeth McIntyre
Bernie Mulhern
An Clr Barry O’Neill
Alan Thompson

## Baill Bhord ETB Dhún na nGall ón 21 Lúnasa 2014

Joanne Irwin (Foireann) Cathaoirleach
An Clr John Campbell (DCC)
An Clr Albert Doherty (DCC)
An Clr Gary Doherty (DCC)
An Clr Rena Donaghey (DCC)
An Clr Martin Harley (DCC)
An Clr Jimmy Kavanagh (DCC)
An Clr Niamh Kennedy(DCC)
An Clr Michael McBride (DCC)
An Clr James Pat McDaid (DCC)
An Clr Sean McEniff (DCC)
An Clr Jack Murray/ An Clr Marie Therese Gallagher (DCC)
An Clr Martin Farren (DCC) Leas-Chathaoirlea
Bernie Mulhern (Tuismitheoir)
Geoffrey Browne (Tuismitheoir)
Noel Rodden (Foireann)
Philip McGlynn (ISME)
Gabriel O’Donnell (NALA)
Patsy McVicar (JMB/NAPD/ACCS)
Regina Grant (Cónaidhm na hÉireann um Míchumas)
Bernadette Ní Dhuibhir (Foras na Gaeilge)

# Réamhrá



Sean Purcell
Príomhfheidhmeannach



Cllr. Martin Farren
Cathaoirleach

## 1.1 Réamhrá ó Chathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach ETB Dhún na nGall

Ba athrach suntasach a bhí sa bhliain 2014 do na Boird Oideachais & Oiliúna go ginearálta nuair a cuireadh i bhfeidhm Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Ar an 1 Eanáir 2014, aistríodh Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall go ETB Dhún na nGall (Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall) faoin reachtaíocht úr.

I mí Dheireadh Fómhair, reáchtáil muid imeachtaí chun an nuacht a scaipeadh agus ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh le buíochas ó chroí a chur in iúl do gach uile dhuine a chuidigh agus a bhí rannpháirteach sna himeachtaí ar fud an Chontae le rath a chur air.

I mí Iúil, cuireadh críoch leis an t-aistriú ar na hIonaid SOLAS (FÁS roimhe seo) go ETB Dhún na nGall. Rinneadh cuid mhór oibre lena chinntiú go gcoimeádfaí cáilíocht na seirbhísí le linn an t-aistriú seo. Beidh mórán deiseanna iontacha againn mar eagraíocht i dtaca le cad é agus cén dóigh a ndéanfar seachadadh ar ár soláthar seirbhíse san am amach romhainn.

Táthar ag déanamh cuid mhór forbairtí agus trasobair, i.e táthar ag malartú seirbhísí, á n-aistriú agus socruithe oibriúcháin ar an talamh agus ag leibhéal náisiúnta araon lena chinntiú go ndéanfar an obair chasta seo go réidh agus go ndeánfar é laistigh den am atá leagtha síos dó.

Tá forbairt agus dul chun cinn déanta againn ar mhórán tionscadail nua, barraíocht le cur síos a dhéanamh orthu sa cholún seo.

Seo a leanas roinnt dár nuashonruithe reatha:-

- Teagasc agus Foghlaim

Maidir lenár Scoileanna agus Coláistí, bhunaigh muid Comhairle Teagaisc agus Foghlama a mbeidh Foireann acu a thabharfas comhairle dóibh agus a chuirfidh chun cinn cáilíocht teagaisc agus foghlamtha níos fearr dár bhfoghlaimeoirí.

- TFC

Tá comhtháthú Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsaíde isteach inár gcóras oideachais ag dul ar aghaidh chomh tapa agus a cheadaíonn na hacmhainní agus feiceann muid é seo mar chéim riachtanach i bhfeabhsú na timpeallachta foghlamtha, d'fhoghlaimeoirí agus múinteoirí araon. Ar bhun céimnithe, tá feabhas agus uasghrádú déanta ar sholáthar TF i roinnt Scoileanna agus cuirfear tús le roinnt eile faoi Chéim II agus sa deireadh in iomlán ár gcuid foirgnimh.

# Réamhrá

Thug muid cuairt ar na mallaibh ar chuid dár macasamhla trasteorann i nDoire agus sa tSrath Bán chun tuiscint a fháil ar an dóigh a bhfuil siad ag imeascadh teicneolaíocht isteach sa churaclam agus leanfaidh muid ar aghaidh leis na nascanna seo.

- Litearthacht agus Uimhearthacht

Tá ETB Dhún na nGall ag forbairt cultúr litearthachta inar Scoileanna, Coláistí agus a chomhtháthú i gcláracha d'Oideachas Aosaigh. Lenár gcúigear Eagraithe Litearthachta d'Oideachas Aosaigh ar fud an Chontae, cuideoidh sé seo le straitéis náisiúnta an Aire le timpeallachtaí saibhre litearthachta a dhéanamh de scoileana agus ionaid.

Bunaíodh Gréasáin Ábhar chun go bhféadfadh ár Múinteoirí Ábhar inár Scoileanna Dara Leibhéal agus an Soláthar d'Oideachas Aosaigh araon fóram a chur ar fáil sa dóigh go bhféadfadh ár Múinteoirí agus Teagascóirí teacht le chéile.

- Tionscadail Nua in Oideachas agus Oiliúint d'Aosaigh

San am i láthair táimid ag bainistiú athruithe ollmhóra i mBreisoideachas agus Oiliúnt sa Chontae. Mar pháirt den phróiseas comhairliúcháin, bunaíodh roinnt grúpaí oibre téamúil le forbhreathnú a dhéanamh ar chomhtháthú an tsoláthar FAS, roimhe seo, isteach i struchtúir ETB.

Mar Phríomhfheidhmeannach, tá mé i mo chathaoirleach ar an phróiseas trasfhoirmiúcháin ag leibhéal náisiúnta, ag obair go dian leis an Oifig Bainistíochta Tionscadail den Roinn Oideachais agus Scileanna.

Chomh maith leis an dá Ionad a bheith anois ag comhcheangal soláthar de na Seirbhísí Traenála, a chuireann ETB Dhún na nGall ar fáil ar fud an Chontae, beidh an t-aistriú fosta ag áireamh aistriú fostaithe go ETB Dhún na nGall.

Cuireann ETB Dhún na nGall fáilte roimh an deis nua seo chun a chuid seirbhísí a fheabhsú de bharr suimiú na hoilteachta agus na scileanna de na hiar-Ionaid SOLAS (anois Ionad Oiliúna, Leitir Ceanainn, agus Ionad Oiliúna Ghaoth Dobhair) agus leanúint den obair ar mhaithe le seirbhís oideachais agus oiliúna níos fearr a chur ar fáil do phobal Dhún na nGall.

- Ballraíocht Bhord ETB

D'athruigh ár mBallraíocht de Bhord ETB i ndiaidh na d toghcháin áitiúla ar an 23 Bealtaine 2014. Faoin reachtaíocht úr, beidh 21 Ball ó na catagóirí éagsúla ann anois. Táimid ag súil le comhoibriú lenár gcuid Ball nua.

Chuir muid fáilte roimh an cheapachán d'Oifigeach Oideachais Gníomhach, Anne McHugh, i mí Eanáir 2014, chuig Foireann ETB Dhún na nGall. Tá ról an Oifigeach Oideachais ina chuidiú ollmhór chun tacú le ról an Phríomhfheidhmeannaigh agus, go háirithe, dár Scoileanna agus Coláistí. Maraon le ról Anne, oibríonn ETB Dhún na nGall agus an Fhoireann go dícheallach mar fhoireann chun soláthar seirbhíse den chéad scoth a chur ar fáil do phobal iomlán Dhún na nGall agus leanfar ar aghaidh go dtí an caighdeán seo sa bhliain amach romhainn.

Sean Purcell
Príomhfheidhmeannach

Cllr. Martin Farren
Cathaoirleach

# Bord ETB Dhún na nGall 2014

Faoin reachtaíocht úr, an tAcht Oideachais agus Oiliúna 2013, d'athraigh Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall go ETB Dhún na nGall ar an 1 Eanáir 2014. Tugtar an Bord ar an Choiste úr anois.

- Bhí deich gcruinniú ag ETB Dhún na nGall i rith 2014.
- I mí Feabhra 2014, fuair gach ETB comhairle nach raibh gá níos faide leis an nós imeachta de bheith ag cur cóipeanna de Mhiontuairiscí chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- D'fathraigh Ballraíocht Bhord ETB i ndiaidh na dtoghcháin áitiúla ar an 23 Bealtaine 2014. Chomh maith le sin, d'athraigh comhdhéanamh an Bhoird le cúig bhall nua ó cheantair eile a thabhairt isteach, mar a bhí ordaithe ag an Aire, agus anois bhí 21 Ball ar an Bhord (roimhe seo 23 Ball).
    - 12 Ball tofa ag Comhairle Chontae Dhún na nGall (mar an tÚdarás Áitiúil);
    - 2 Bhall ó ionadaithe na foirne – tofa
    - 2 Bhall ó ionadaithe tuismitheoirí – tofa
    - 5 Bhall ag déanamh ionadaíocht do chomhlachtaí eile – Ballraíocht ó chúig chomhlacht le spéis nó eolas ar leith; is é an tAire Oideachais agus Scileanna a cheap iad.
- Reáchtaladh Cruinniú Speisialta ar an 7 Aibreán 2014 maidir le Oscailt Oifigiúil ar Scoil úr an Bhoird, Coláiste Ailigh Leitir Ceanainn, agus reáchtaladh trí Chruinniú Iar-Thoghcháin faoin Acht Oideachais agus Oiliúna, 2013, le ballraíocht a chuimsiú sa Bhord ETB úr.
- Reáchtaladh an chéad Chruinniú Iar-Thoghcháin de ETB Dhún na nGall, a bhí sceidealaithe don 21 Lúnasa 2014, ar an 5 Meán Fómhair 2014. I ndiaidh Toghchán Áitiúil i mí Mheithimh 2014, tháinig ETB Dhún na nGall le chéile ar an 5 Meán Fómhair 2014 le 12 Ball nua a bhí ceaptha ag Comhairle Chontae Dhún na nGall, maraon leis an bheirt (2) Ionadaí Foirne a bhí tofa, ar mhaithe leis an bheirt (2) Ionadai Tuismitheora a cheapadh faoi Alt 30 (1)(c).
- Reáchtaladh an dara Cruinniú Iar-Thoghcháin de ETB Dhún na nGall ar an 11 Meán Fómhair 2014, mar a bhí sceidealaithe, ina raibh na 12 ball de Chomhairle Chontae Dhún na nGall, na hIonadaithe ón Fhoireann agus na Tuismitheoirí le cúig (5) bhall ó liosta Comhlachais Ainmnithe a cheapadh, mar a bhí sonraithe ag an Aire Oideachais faoi Alt 30 (11) (b) den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna, 2013.
- Reáchtaladh an tríú Cruinniú Iar-Thoghcháin ar an 20 Deireadh Fómhair 2014, ar a n-áiritear an chúigear Ball deireanach, le Cathaoirleach a cheapadh. Ba í Joanne Irwin, Ionadaí Foirne, an chéad Ionadaí Foirne a ceapadh mar Chathaoirleach ar ETB Dhún na nGall ar an Bhord úr ina raibh 21 Ball. Toghadh an Clr Martin Farren mar Leas-Chathaoirleach.

# Comhdhéanamh na Ballraíochta den Bhord Úr

- Tá an Bhallraíocht iomlán déanta suas de 21 Ball faoi Alt 30 den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna, 2013, ie:

  (a) 12 Ball tofa i dToghcháin an Údarás Áitiúil faoi Chomhairle Contae Dhún na nGall. Alt 30 1 (a)

  (b) 2 Bhall atá ina mbaill den fhoireann. Alt 30 1 (b)
  Toghadh beirt Ionadaí Foirne.

  (c) 2 Bhall d'Ionadaithe na dTuismitheoirí. Alt 30 1 (c)
  Thoghaidh Cumann na dTuismitheoirí beirt.

  (d) 5 Bhall ceaptha de réir Alt 30 fo-alt (11)
  An tAire leis na Comhlachais Ainmnithe a shonrú faoin Alt seo, a thagann as spéiseanna/réimsí ar leith, ar a n-áirítear:-

  Uimh.1. Comhlachais atá Ionadaíoch do Ghnó, Tionscail agus Fostóirí (duine amháin)
  Uimh. 2. Comhlachais atá Ionadaíoch d'Fhoghlaimeoirí (duine amháin)
  Uimh. 3. Comhlachais atá Ionadaíoch do Dhaoine atá i mbun bainistíochta, nó ceannaireacht, ar scoileanna aitheanta (duine amháin)
  Uimh. 4. Comhlachais nach bhfuil sna trí chatagóir ainmnithe (beirt)

(Cáirt 1.0 Baill de Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall/ECB Dhún na nGall 2014, tarchurtha)




BT Young Scientist Awards
Chloe Bradley, Mulroy College




Daltaí Gairmscoil Chú Uladh 'Build a Bank' AIB Finals

# 1.2 Réamhrá


## Forbhreathnú

Cuireann ETB Dhún na nGall na Seiribhísí seo a leanas ar fáil:

- Oideachas Dara Leibhéal curtha ar fáil ag cúig déag Scoil agus Coláiste (cúig cinn atá ina nGaelcholáistí) agus dhá Scoil Oileáin ar Árainn Mhór agus Toraigh.
- Oideachas agus Oiliúint curtha ar fáil ag seacht nIonad tiomanta lánaimseartha, ar a n-áirítear ceann Gaeltachta i nGort a'Choirce, Bun Cranncha, Baile Dhún na nGall, Leitir Ceanainn, Béal Átha Seanaidh, Baile na nGallóglach agus Leifear, a chuireann ar fáil Printíseacht, Ógtheagmháil, BTEI, VTOS, Oideachas Pobail, Litearthacht d'Aosaigh agus Treoirchláracha d'Aosaigh le háiseanna cúram páistí i naíolanna béal dorais de cheithre ionad.
- Dhá Ionad Oideachais agus Oiliúna breise (iar-ionaid FÁS) i nGaoth Dobhair agus i mBaile Raithin, Leitir Ceanainn, a chuireann ar fáil Cláracha Printíseachta agus Traenála.
- Oideachas agus Traenáil Faoin Aer a éascaíónn Ionad Oideachais agus Traenála Faoin Aer Ghartáin ar a shuíomh de 87 acra.
- Oideachas Ceoil, faoi Chláracha Comhpháirtíochta d'Oideachas Ceoil Dhún na nGall – ina n-áirítear teagasc ceoil agus gutha do gach aoisghrúpa i scoileanna bunscoile agus iarbhunscoile agus coláistí ar fud an Chontae.
- Soláthar ar Chúrsa Dioplóma i Staidéir Drugaí agus Alcóil i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Luimnigh do Chontaetha Dhún na nGall, Liatroma agus Shligigh trína Comhordaitheoir atá lonnaithe in ETB Dhún na nGall.
- Riachtanais faoin Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ina measc an Clár Críochnaithe Scoile, an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais agus an Clár Teagmhála Baile/Scoile.
- Oibleagáidí agus freagrachtaí as soláthar den Chlár Seirbhísí don Óige ar fud an Chontae faoin Acht um Obair don Óige trína Oifigeach Óige.
- Comhoibriú le Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall and le Coiste na Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga ar mhaithe le straitéisí a fhorbairt don Chontae.



etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*




**Scoileanna agus Coláistí Dara Leibhéil**

Abbey Vocational School, Donegal Town
Coláiste na Carraige, Carrick
Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn
Coláiste Chineál Eoghain, Buncrana
Coláiste Phobail Scoil Colmcille, Oileán Thóraí
Crana College, Bun Chranncha
Deele College, Raphoe
Errigal College, Letterkenny
Finn Valley College, Stranorlar
Gairmscoil Chu Uladh, Beál an Átha Móir
Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór
Magh Éne College, Bundoran
Moville Community College, Moville
Mulroy College, Milford
St Catherine's Vocational School, Killybegs

**Oídeachas Aosaigh**

Ballyshannon
Buncrana
Donegal Town
Glengad
Lifford Youthreach
Gort a' Choirce
Letterkenny
Milford

**Oídeachas Eactríochata Lasmuigh**

Gartan Outdoor Education Centre, Church Hill, Letterkenny

# 1.3 Pleanáil agus Forbairt ar Sholáthar Seirbhíse

- D'eascair an Plean Oideachais ó fhorálacha in Ailt 9 agus 30 den Acht Gairmoideachais (Leasú) 2001 a chuireann d'iallach ar an Phríomhfheidhmeannach plean cúig bliana a dhréachtú don eagraíocht faoi stiúir na Foirne Forbartha Straitéise, a chuimsíonn ionadaíocht ó Bhainistíocht Sinsearach ar fud an Bhoird.

  Tá siad seo a leanas leagtha amach sa Phlean:-

  - Cuspóirí an ETB
  - Tosaíochtaí an ETB
  - Na Bearta a nglacfar leo chun na cuspóirí aitheanta a chur i gcrích.

- I ndiaidh críoch a bheith tagtha ar thréimhse an phlan 2010, rinne an Fhoireann Forbartha Straitéise an Plean 2011-2015 don chéad chúig bliana eile a chur le chéile agus a chur faoi bhráid.

D'aithin an próiseas comhairliúchán de 2011-2015 go raibh gá leis an dara plean a bheith achomair, ábhartha agus dírithe, ag cur san áireamh na cúinsí polaitíochta, eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus teicneolaíochta atá ann i láthair na huaire agus aithníodh 21 eochairthosaíochtaí faoi ceithre eochairthéama:

Eochairthéamaí


1. Teagasc agus Foghlaim
2. Freagracht
3. Teicneolaíocht Faisnéise
4. Ag obair i gComhpháirtíocht

Cuirfear tús leis an phlean sraitéise don chéad chúig bliana eile (an Tríú Plean) i mbliana de réir an reachtaíocht nua agus an t-aistriú ó Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall go ETB Dhún na nGall.





Coláiste Chineál Eoghain

Figiúir 2.1 Líon iomlán Foghlaimeoirí in 2014 de réir Rannóige





Figiúir 2.2 Clárú Daltaí i Scoileanna agus Coláistí Dara Leibhéal 2014



# 1.3 Pleanáil agus Forbairt ar Sholáthar Seirbhíse

Figiúir. 2.3 Líon na bhFoghlaimeoirí a chláraigh in Oideachas & Oiliúint ETB Dhún na nGall 2014






## TOSAÍOCHT 1

Cláracha oideachasúla agus seirbhísí tacaíochta a thairiscint agus atá in oiriúint do riachtanais atá ag athrú go tapa i measc daoine aonair, an tsochaí agus an gheilleagair

Thug Gairmscoil na Mainistreach isteach FETAC Leibhéal 1 chun freastal ar dháltaí le SEN nach bhfuil ábalta rochtain a fháil ar an phríomhshruth i gcomhpháirtíocht leis an Ionad d'Oideachas Aosaigh áitiúil den ETB. Rinne daltaí na hIdirbhliana staidéar ar chúrsa de staidéir leabharlainne ar mhaithe lena scileanna litearthachta a fheabhsú. Cuireadh lá meabhairshláinte ar fáil do gach dalta i gcomhar leis an chuairt ón fheachtas rothaíochta in aghaidh  féinmharú. Tugadh isteach ranganna ríomhchlárúcháin agus dearadh aipe don idirbhliain.

I gColáiste Cranncha, tugadh isteach sa churaclam an clár idirbhliana do dháltaí sinsearacha. Bhain an clár róbataice sa scoil sóisearach Duais cháiliúil STEM ag Duaiseanna ETB agus taispeántais sa Taispeántas d'Eolairí Óga. Dhírigh  Coiste na Scoileanna Bia Shláintiúil a n-aird ar frithbhulaíocht agus leathnaíodh é chun cibearbhulaíocht agus íde idirlín a thabhairt isteach. Ofráladh cúrsaí cócaireachta agus gúnadóireachta do dhaoine fásta.

Bhí daltaí chéad bhliana a chláraigh i gColáiste an Earagail rannpháirteach i 'mblaiseadh ábhar' le linn an chéad téarma. Thug foireann gairmthreorach tacaíocht do dhaltaí agus a dtuismitheoirí le linn roghnú na n-ábhar agus bhí meantóirí ar fáil d'iomlán daltaí sa chéad bhliain. Chuir Coláiste an Earagail cur chuige agus cultúr de chleachtais aisiríoch ar fáil do dhaltaí agus múinteoirí. D'oscail an leabharlann scoile úr do dhaltaí, do thuismitheoirí agus do bhaill ón phobal áitiúil.

D'ofráil Coláiste Gleann Fhinne rochtain chuig Clár Daybreak, idirghabháil dhíreach a chuidíonn le daoine óga atá ag streachailt in oideachas príomhshrutha. Bhunaigh an scoil Aonad Neamhoird de chuid Speictream an Uathachais le freastal ar dhaltaí a d'fhéadtadh bheith coinnithe amuigh ó oideachas príomhshrutha roimhe sin. Beidh an dara rang de Neamhord de chuid Speictrean an Uathachais á reáchtáil sa chéad bhliain acadúil eile. Lena chois sin, chuaigh Coláiste Gleann Fhinne isteach sa Chlár Críochnaithe Scoile, idirghabháil dhíreach le tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga a bheadh i mbaol an scoil a fhágáil ro-luath. Tugadh isteach Stair don sraith shóisearach agus cuireadh roghanna d'ábhair nua ar fáil don sraith shinsearach.

In Gairmscoil Chú Uladh, cuireadh na cúrsaí nua seo ar fáil: Tús eolais ar FETAC Leibhéal 4 (daltaí ar leith sa sraith shinsearach); Cúrsaí Nua laistigh den Idirbhliain, ar a n-áirítear Léiriú Raidió,  Tuiscint ar Ilchineálacht, Ceardlanna Scileanna do Chur i Láthair & Cumarsáid, clár FitWalk, seimineáir ar Scileanna Staidéir do dhaltaí sóisearacha agus sinsearacha agus dá dtuismitheoirí 'Parent Power'; clár Aistrithe do dhaltaí chéad bhliana ag teacht isteach (Lá Eolaíochta).

D'ofráil Gairmscoil Mhic Diarmada cúrsaí meabhairshláinte do dhaltaí agus do thuismitheoirí; bunaíodh ceardlanna i scríbhneoireacht chruthaitheach do dhaltaí chomh maith. Sna cúrsaí nua san Idirbhliain bhí cúrsa ar na meáin, CPR agus tiomáint shábháilte. Bhí caint ar chothú do thuismitheoirí agus traenáil ar chleachtas aisiríoch don fhoireann, do dhaltaí agus do thuismitheoirí.  Bhí traenáil ar cibearbhulaíocht don fhoireann, do dhaltaí agus do thuismitheoirí. Bhí cainteanna ar shláinte ghnéis do dhaltaí sinsearacha agus cúrsaí i scríbhneoireacht chruthaitheach do dhaltaí na chéad bhliana agus ceardlanna ealaíona d'iomlán daltaí sóisearacha.

# Eochairthéama 1 - Teagasc & Foghlaim

Chuir Coláiste Magh Éne tús le Tionscnamh um Scoil Shábháilte, ag obair le Belong2 i bpíolótú clár sábháilteachta scoile do dhaltaí LADT.

I gColáiste na Maoile Rua tugadh 'Cumas Measctha' isteach do gach Bliainghrúpa agus cuireadh tús le Teagasc Foirne. Cuireadh PE/OSPS/TFC mar ábhar ar fáil do gach Bliainghrúpa.
Bhain iomlán ranganna Béarla agus Matamaitice na sóisearach buntáiste as leathnú ar cheithre thréimhse ranga go cúig thréimhse sa tseachtain. Chuir Jigsaw ar fáil traenáil Meabhairshláinte Dearfach don fhoireann go léir agus chuir an Síceolaí Oideachais traenáil ar fáil don fhoireann tacaíochta foghlama go léir.

### Cláracha agus Seirbhísí Tacaíochta curtha ar fáil ag Cláracha Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh

Eagraíonn Treoirsheirbhís Aosaigh Dhún na nGall Aonach d'Fhoghlaimeoirí gach bliain a chuireann ar fáil cainteoirí inspreagtha agus eolas ar mhaithe leis an pobal a spreagadh le bheith rannpháirteach in oideachas agus oiliúint agus iad féin a athoiliúint agus a gcuid scileanna a uasghrádú don mhargadh saothair atá ag athrú agus cúinsí fostaíochta dúshlánacha a shásamh.

D'ofráil BTEI áiteanna do 848 mac léinn in 2014 i ngach Ionad d'Oideachas Aosaigh, ar a n-áirítear ár nIonad úr i nGleann Fhinne, Srath an Urláir, agus in iliomad ionaid pobail i ngach cearn den Chontae de réir mar a leanann muid ar aghaidh ag tabhairt oideachas díreach fhad leis an phobal. I measc na gclár BTEI, tá Ógtheagmháil, TFC, Scileanna Oifige, Staidéir Altracha, Cúram agus Oideachas Luath-Óige, Teicneolaíocht na Tógála, Gairneoireacht, Cúram Pobail, Scileanna Lárnacha – Cumarsáid agus Matamaitic, Cúram Maolaitheach, Matamaitic Ardteiste, Raidió Pobail agus traenáil in ECTR (ECDL).

D'ofráil Oideachas Pobail cúrsaí in Úsáid Meán Digiteach, Garraíodóireacht, Cócaireacht ar Bhuiséad, Cócaireacht Fear agus Ginealas. Cuirtear na cúrsaí ar fáil chun tacú le teaghlaigh déileáil leis na cúinsí eacnamaíocha atá ann i láthair na huaire m.sh. buiséadacht, cócaireacht agus ag fás do chuid glasraí féin.

Chuir an Clár Foghlama don Saol tús le Cúrsa nua Scileanna Infhostaíochta (Fócas ar Rannóg Miondíola) ag Leibéal 3, ar a n-áirítear na hábhair seo leanas:
- Béarla agus Cumarsáid; Matamaitic; Eolas ar Dhíolacháin Miondíola; Idirbheartaíochtaí Díolacháin Miondíola
- Ullmhú Slí Beatha; Éifeacht Pearsanta; Cúram Custaiméara; Próiseáil Focal; Scileanna Idirlín

I dtaca leis an Chúrsa Leibhéal 3 i bhFoghlaim Ginearálta, cuimsíonn sé Oidhreacht Chultúrtha agus Tuiscint Turasóireachta (CHAT) a dhéanann taiscéaladh ar obair i dTionscal na Turasóireachta

D'ofráil an tIonad Teicneolaíochta Faisnéise agus Traenála, lonnaithe in Oifigí Ard Uí Dhomhnaill, cláracha úrnua sa bhliain 2014, ina measc:-

- Suiteáil Insliú Teirmeach, FETAC 5
- Tógáil Obair Thalún, FETAC 4.

- Scileanna TF (FETAC 4) d'Oibrithe Deonacha sa phobal i sé (6) ionad pobail/acmhainne i gCo Dhún na nGall.
- Cúram Custaiméara FIT IT le creidiúint FETAC, Microsoft/CompTIA.

Tá an soláthar foghlamtha a chuireann VTOS ar fáil in oiriúint do riachtanais na rannpháirtithe le rogha modúl agus leibhéil atá roghnaithe go cúramach. Déantar cúrsaí a fhógairt agus tugtar cuireadh do rannpháirtithe castáil le Comhordaitheoirí an Chúrsa.

In 2014 lean na hIonaid Ógtheagmhála ar aghaidh ag cur ar fáil cláracha le freastal ar riachtanais na ndaoine óga a fhagann an scoil ró-luath, go bunúsach trí Fhoghlaim Ginearálta FETAC Level 2, 3 agus 4.  Áiríonn samplaí eile soláthar de laetha shlí bheatha saindhírithe d'fhoghlaimeoirí Ógtheagmhála le dhul i ngleic le castáil le daoine óga eile in fhostaíocht/breisoideachais deacair nuair a fhágann siad Ógtheagmháil.

In Ionad Traenála agus Oideachais Faoin Aer Ghartáin, thug SOLAS tacaíocht don Chlár um Oiliúint Teagascóra. Tá an Ionad gníomach in uasghrádú agus forbairtí ar Chláracha Foghlamtha Lasmuigh chun riachtanais atá ag athrú a shásamh, go háirithe i dtaca le Leibhéal Bunscoile agus Dara Leibhéal, macasamhail Cleachtas Aisiríoch ag a bhfuil póitéinseal aitheanta i gcomhthéacs foghlaim lasmuigh, Riachtanais Speisialta agus Cláracha in Oideachas Timpeallachta.

### Cláracha Oideachais agus tacaíochtaí faoi sholáthar na Seirbhísí Síceolaíochta

- Soláthar de chláracha traenála i scileanna sóisialta do dhaoine óga le Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (ASD)
- Soláthar de chláracha i scileanna staidéir do mhic léinn sa Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht
- Soláthar de chlár FRIENDS (clár chun litearthacht thochtach, i dteacht aniar agus in ábaltacht i réiteach fadhbanna do ghrúpaí daoine óga)
- Soláthar traenála in-seirbhíse d'fhoirne ar an t-samhail seirbhíse, Leanúntas Tacaíochta, do scoileanna a ndearna an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais forbairt air.
- Soláthar traenála in-seirbhíse d'fhoirne ar phleanáil teagmhasach d'imeachtaí criticiúla
- Soláthar traenála in-seirbhíse ar idirghabháil litearthachta agus uimhearthachta bunaithe ar fhianaise do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile i gcomhar leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.
- Soláthar traenála in-seirbhíse do mhúinteoirí nua chuig scéim ETB Dhún na nGall ar an t-samhail Leanúntas Tacaíochta agus SEN sa seomra ranga.
- Soláthar traenála in-seirbhíse do Chúntóirí Riachtanais Speisialta ar ASD, féinchúram agus bainistíocht iompair.
- Éascú ar ghrúpaí comhairliúcháin ASD do mhúinteoirí a theagascann daltaí le ASD
- Éascú agus tacaíocht faoi choinne forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar  'buíon-chúraim' sna scoileanna, bunaithe ar threoirlínte nua ón Roinn Oideachais agus Scileanna do thacaíocht daltaí i scoileanna.
- Soláthar traenála in-seirbhíse ar na treoirlínte nua meabhairshláinte do scoileanna iar-bhunoideachais.

### Seirbhísí Tacaíochta don fhoireann

Ofráladh forbairt phroifisiúnta fhoirmiúil agus tacaíocht neamhfhoirmiúil go díreach don fhoireann teagaisc sna cúig ionad Ógtheagmhála, in ocht scoil iar-bhunoideachais agus sna cláracha d'oideachas aosaigh indibhidiúil laistigh de ETB Dhún na nGall.

Seo a leanas samplaí den chineál tacaíochta a tugadh:

1. Forbairt ar nósanna imeachta do mheasúnacht fhoirmiúlta
2. Cur ar fáil traenáil i gcnuasach trialach litearachta agus uimhearthachta.
3. Forbairt ar cur chuige sa scoil uile ar smacht agus bainistiú seomra ranga.
4. Comhairliú ar ullmhú, forbairt agus athbhreithniú Pleananna Oideachais Aonair.
5. Forbairt ar straitéisí chun deileáil le daoine óga a bhfuil deachrachtaí foghlamtha ar leith acu.
6. Comhairliú ar theidlíocht d'iarratais ar chóiríocht do scrúduithe stáit.
7. Éascú ar imeascadh daltaí le riachtanais speisialta oideachais.
8. Míniú ar fheidhmiú cognaíoch agus ar phróifílí de mheasúnacht teanga
9. Athbhreithniú ar Phleananna do Theagmhais Chriticúla
10. Tacú le foireann agus daltaí na scoile i ndiaidh teagmhais chriticúla

### Tacaíocht do dhaltaí/d'fhoghlaimeoirí

Bhí na fadhbanna a chuir daoine óga a bhí tarchurtha i gcomhair measúnacht ilchineálach ach is féidir iad a chatagóiriú go leathan faoi Riachtanais Foghlamtha Speisialta Oideachais nó Deacrachtaí Sóisialta, Mothúchánach nó Iompraíochta. Bhí na hathreoruithe bainteach níos mó agus níos mó le cúinsí meabhairshláinte. I gcuid mhór cásanna, bhí líonrú leathan ar shláinte agus seirbhísí eile de dhíth ar dhaltaí agus foghlaimeoirí. I measc obair eile a bhí i gceist, bhí tacaíocht do dhaltaí agus dhaoine óga le SEN bogadh ar aghaidh go cláracha nua oideachais i ndiaidh na scoile iar-bhunoideachais.

### Tacaíócht do thuismitheoirí

Bhí an obair mheasúnú a rinneadh le daltaí dírithe ar thacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil araon, trí chur ar fáil le haiseolas ó fhaisnéis réamh-mheasúnú agus iar-mheasúnú maraon le moltaí i ndáil le riachtanais na ndaoine óga tarchurtha. Lena chois sin, bhí cruinnithe pleanála agus athbhreithnithe le tuismitheoirí ann i rith na bliana chun dul chun cinn na ndaltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais a mheas. Bhí cruinnithe comhoibríocha fosta idir bainistíocht na scoile/an ionaid agus na tuismitheoirí chun pleanáil a dhéanamh ar trasdulta i ndiaidh scoile/Ogtheagmháil isteach in obair nó staidéar breise do dhaoine óga le SEN.

## 2.2 Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn – Scéimeanna Deontas

Leanann an Rannóg Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn in ETB Dhún na nGall ag cur ar fáil tacaíocht oideachais tríd na Seirbhísí Corparáideacha i bhfoirm cuidiú deontais do mhic léinn as Dún na nGall atá ag freastal ar Scoil/Coláiste/Ollscoil i bPoblacht na hÉireann, go dtí go mbeidh a gcúrsaí reatha curtha i gcrích acu.
Leanann SUSI (Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn) ar aghaidh ag déanamh measúnacht ar iarratasóirí nua agus athnuachana don bhliain acadúil 2014/2015.

Leanfaidh Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall ag ceadú agus ag íoch deontais leis na mic léinn atá cheana féin ag fáil maoiniú faoin dá scéim seo leanas:-

(i) Scéim Dheontais Chothabhála ETB Dhún na nGall – clúdaíonn sé seo mic léinn atá ag freastal ar chúrsaí céime onóracha, atá ceadaithe, in Institiúidí tríú leibhéal ar a n-áirítear Ollscoileanna in Éirinn.

(i) Scéim Dheontais Chothabhála d'Fhoghlaimeoirí Tríú Leibhéal (TLT) – clúdaíonn sé seo Gnáthchúrsaí Céime trí bliana, a dhéantar in Institiúidí Teicneolaíochta.

Don bhliain acadúil 2014/2015 ba é 135 an líon iomlán d'fhoirmeacha deontais a fuarthas. Déantar na foirmeacha seo a rangú faoi na ceannteidil éagsúla mar a thaispeántar thíos.

### Rannóg na Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn 2014/2015 Staitisticí na Tuarascála Bliantúla

| Iarratais faighte | Líon iarratas |
|---|---|
| Maoiniú Ceadaithe – Cúrsaí Leibhéal 7 | 27 |
| Maoiniú Ceadaithe – Cúrsaí Leibhéal 8 nó níos airde | 93 |
| Maoiniú Ceadaithe – Cúrsaí Leibhéal 5 agus 6 | 0 |
| Curtha ar ceal | 15 |
| Neamhcháilithe | 0 |
| Curtha chuig Comhairle Chontae Dhún na nGall | 0 |
| Líon iomlán na n-iarratas a fuarthas | 135 |

## TOSAÍOCHT 2

### Scileanna cineálacha a fhorbairt laistigh d'iomlán na gclár oideachais

Chuir Gairmscoil na Mainistreach tionscnamh litearthacht agus uimhearthachta chun cinn a bhuí do mheasúnú straitéiseach agus rinneadh atriail ar shampla randamach de dhaltaí na chéad bhliana chun an dul chun cinn a rinneadh thar an bhliain a chinntiú.

Chuir Coláiste Cranncha tús le hoiliúint na foirne i modúil na hIdirbhliana. Tugadh isteach tionscnaimh le litearthacht agud uimhearthacht a chur chun cinn, le fócas ar litearthacht. Rinneadh tástáil ar aois léitheoireachta ar iomlán daltaí sa chéad bhliain agus rinne RTE Nationwide scannán ar an togra 'Wee School Library'. Tá leathanbhanda fiontraíochta ar fáil ar fud an Choláiste.

I gColaíste an Earagail, d'éirigh go hiontach maith le cur chuige litearthachta ar fud na scoile. D'úsáid múinteoirí iPads agus tá forbairt ghairmiúil leantach curtha i gcrích acu i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT). Tá a seoladh ríomhphoist féin ag na daltaí agus na múinteoirí go léir agus tá leathanbhanda fiontraíochta ar fáil ar fud an champais.

I nGleann Fhinne, leanadh ar aghaidh ag díriú ar bhiseach sa litearthacht ar aon dul leis an Straitéis Náisiúnta Litearthacha agus Plean Gníomhaíóchta DEIS Choláiste Gleann Fhinne. Baineadh úsáid as clár creidiúnaithe le TFC a theagasc do gach dalta i ngach bliain.

I nGairmscoil Chú Úladh tugadh isteach an Tionscnamh 'Key Word' agus an tionscnamh 'Drop Everything and Read and Make a Book Competition'.

I nGairmscoil Mhic Diarmada, d'fhoghlaim daltaí na hIdirbhliana TFC agus bhí traenáil in TFC ar fáil don fhoireann. Cuireadh tús leis an scéim píolótach iPad don Idirbhliain chomh maith.

I gColáiste Magh Éne, thosaigh daltaí na hIdirbhliana ag úsáid ríomhphunanna chun a gcuid punanna oibre modúlacha agus clár a chruthú, a chur in eagar agus a shábháil. Chomh maith, bhí Coláiste Magh Éne ag déanamh píolótú ar ríomhphunanna Bhéarla na Roinne Oideachais agus Scileanna roimh an Sraith Shóisearach nua.

Chuir an tSeirbhís Bunoideachais ar fáil traenáil d'oidí le litearthachta a chuimsiú tré TFC agus chun tacaú leis an straitéis seo d'fhoilsigh siad leabhar darbh ainm"Computer Operator Wizard". Foilsíodh an leabhar seo ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt do bhainistiú feirme ar-líne, acmhainn do ghrúpaí feirmeoireachta.

Tá scileanna cineálacha cuimsithe i ngach cúrsa BTEI. Tugadh isteach togra piólótach, ar éirí go maith leis, ag úsáid Quickscan (bogearraí speisialta chun cuidiú le haimsiú dicléicse).

# Eochairthéama 1 - Teagasc & Foghlaim

Cuirtear oiliúint agus tacaíocht i bhFeasacht Litearthachta ar fáil d'oidí sna cláracha d'oideachas agus traenáil do dhaoine fásta, ar a n-áirítear an Clár d'Oideachas Pobail, VTOS, Treoirsheirbhís, Ógtheagmháil agus BTEI.

Lean Ógtheagmháil ar aghaidh ag díriú ar chuimsiú litearthachta agus uimhearthachta i ngach modúl a bhuíochas do chur i bhfeidhm agus d'athbhreithniú leanúnach ar a phlean litearthachta agus traenáil don fhoireann.

Feidhmíonn sé seo i ngach clár dár gcuid i bhFoghlaim Faoin Aer. Is é an láidreacht atá ag Foghlaim Faoin Aer ná go bhfuil an fhoghlaim agus an éifeacht faoi cheann achair bhig m.sh. matamaitic agus loingseoireacht; scileanna i réiteach fadhbanna agus tascanna foirne; tógáil rafta agus scileanna 'tógála' praiticúla; oideachas sóisialta i suíomh cónaitheach; riosca agus a áit i sochaí shláintiúil shaothrach.

In Ionad Traenála agus Oideachas Faoin Aer i nGartán, bíonn cigireachta déanta air gach bliain mar Ionad Traenála ceadaithe de Chumann Seoltóireachta na hÉireann, agus mar sholáthraí de chuid clár eile de shiollabas NGB. Déantar iniúchadh ar an Chúrsa Oiliúna do Theagascóir Allamuigh, FETAC Leibhéal 5, gach bliain.


Finn Valley
College Students

## TOSAÍOCHT 3

Caighdeáin cáilíochta a choinneáil agus a fheabhsú in iomlán na gclár oideachais, na Scoileanna, na Coláistí agus na hIonaid.

- Cigireachtaí na Roinne Oideachais agus Scileanna 2014:-

| Scoil | Cigireacht |
|---|---|
| Coláiste na Carraige Coláiste Magh Éne | Ábahr: Matamaitic |
| Coláiste Cranncha  Coláiste na Daoile | Ábhar: Ceol |
| Coláiste na Daoile Coláiste an Earagail | Ábhar: Eolaíocht agus Bitheolaíocht |
| Gairmscoil Chú Úladh Gairmscoil Chaitríona | Cigireacht Ábhair ar: Gaeilge |


- Tá tús curtha ag gach Scoil agus Coláiste le Féinmheastóireacht Scoile.

- Clúdaíonn an Creat QQI Oideachas Aosaigh.

- Chruthaigh ceathrar de na hIonaid Ógtheagmhála Pleananna Forbartha nua trí bliana anuraidh mar chuid den Chreat um Cháilíocht Ógtheagmhála, agus chríochnaigh ionad amháin Meastóireacht Inmhéanach Ionaid, ag cur amach tuarascáil bhliantúil. Bhí gach ionad rannpáirteach sa chóras FETAC QA i ndáil le féinmheastóireacht agus cur i ngníomh dámhachtainí Leibhéal 3 agus Leibhéal 4.

- Cabhraigh freastal leanúnach de na Seirbhísí Síceolaíocha ag cúrsaí ar Fhorbairt Ghairmiúil Buan le caighdeáin a choiméad agus a fheabhsú laistigh den tseirbhís. Bhí siad seo a leanas  i measc na gcúrsaí ar Fhorbairt Ghairmúil Buan:-

  - Forbairt ar chlár ar RSE do dhaltaí le ASD
  - Forbairt ar straitéisí i gcomhair litearthachta agus uimhearthacht a theagasc do dhaltaí le SEN
  - Ag déileáil le féinghortú i measc daonraí na ndaltaí
  - Cuidiú le daltaí straitéisí a fhorbairt le cur in éadán strus ina saol.



## An Clár Forbraíochta Caipitiúil

### Timpeallacht den scoth a sholáthar atá fabhrach don teagasc agus don fhoghlaim.

Timpeallacht den scoth a sholáthar atá fabhrach don teagasc agus don fhoghlaim.

Mar atá leagtha amach sa Phlean Oideachais 2011-2015, sainmhínítear an Timpeallacht Foghlamtha mar imeachtaí intleachtúil, spóirtiúil, spioradálta, sóisialta agus cultúrtha (ach gan a bheith teoranta). Le coinneáil le cuspóirí an Phlean, mar atá sé liostáilte sa mhéid sin, lean ETB Dhún na nGall ar aghaidh in 2014 ag feabhsú an timpeallacht fisiceach teagaisc agus foghlamtha i ngach scoil, coláiste agus ionad dá chuid a bhuí do Chlár Forbraíochta Caipitiúil cuimsitheach.

#### Coláiste Cranncha, Bun Cranncha

Forbairt Campais atá molta i mBun Cranncha ina mbeadh Coláiste Cranncha, Bun Cranncha, Gaelscoil Bhun Cranncha agus, b'fhéidir, Coláiste Chineál Eoghain, Bhun Cranncha.

Chuir ETB Dhún na nGall tuilleadh moltaí mionsonraithe chuig an Rannóg Ceannaithe Suíomhanna sa Roinn Oideachas agus Scileanna maidir leis an ábhar thuasluaite.

Thug Ailtire Sinsearach ón Roinn Oideachais agus Scileanna cuairt ar Bhun Cranncha i mBealtaine 2014 le hamharc ar na suíomhanna reatha de na scoileanna thuasluaite chomh maith leis na suíomhanna éagsúla a ndearnadh measúnacht orthu agus/nó a ndearn ETB Dhún na nGall machnamh orthu i gcomharsanacht Bhun Cranncha ó 2006 go dáta.

Le litir, dar dáta 8 Deireadh Fómhair 2014, dhearbhaigh an Roinn Oideachas agus Scileanna *"tá an dul chun cinn ar Cheannachán Suímh ag dul ar aghaidh d'fhonn suíomh oiriúnach a fháil chomh luath agus is féidir"*. Dúradh sa litir chomh maith gur iarr an Roinn cuidiú foirmeálta ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall maidir le suíomh oiriúnach a aithint agus a cheannach don fhorbairt champais atá molta do Bhun Cranncha.

Cuirtear fáilte mhór roimh an nuacht seo agus táthar ag súil go mbrostófar an phróiseas seo le Comhairle Chontae Dhún na nGall mar bheart práinne.

#### Coláiste Pobail Bhun an Phobail

I samhradh na bliana 2014 cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna Maoiniú Déablóidithe le héascú a dhéanamh ar sheachadadh an chuid eile de chóiríocht buan don scoil thuasluaite. Chomh maith le sin, ardaíodh an rollú réamh-mheasta fadtéarmach go 550 mac léinn.

Ina dhiaidh sin, tharlaigh cainteanna mionsonraithe le hOifigigh na Roinne maidir leis na lóistíochtaí a bheadh i gceist le seachadadh na cóiríochta.

De bharr na gcainteanna seo thug beirt Oifigeach Sinsearacha ón Rannóg Proisfisiúnta agus Teicniúil sa Roinn cuairt riachtanach eile i mí na Samhna 2014. Táthar anois ag fanacht le tuilleadh treoireacha ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir leo seo a leanas:-

1. An méid maoiniúcháin a cheadaíonn ETB Dhún na nGall de thairbhe Deontas Déabhlóidithe.
2. Scóip/scála na cóiríochta atá le cur ar fáil.
3. Dearbhú cé acu an mbeidh, nó nach mbeidh, iarmhéid na cóiríochta á chur ar fáil i gcéim amháin deireanach nó i roinnt céimeanna.

An drochbhail atá ar chóiríocht réamhdhéanta.

D'éirigh an bhail atá ar chóiríocht réamhdhéanta níos measa le linn na bliana 2014. Táthar ag déanamh gach iarracht lena chinntiú go ndéanfar cothabháil ar an chóiríócht seo sa ghearrthréimhse go dtí go ndéanfar seachadadh ar an chóiríocht bhuan thuasluaite.

Cóiríocht nua le freastal ar mhic léinn le Deacrachtaí Foghlamtha Meánacha Ginearálta

Chríochnaigh an conradh seo go luath in 2014 ar an seomra ranga nua do DFG Meánacha agus cuireann sé le cáil bhunaithe na scoile i dtaca le soláthar Riachtanais Speisialta Oideachais sa choláiste.

### Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth

Soláthar breise de chóiríocht bhuan

Ceadaíodh Cead Pleanála, Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán agus Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchmas don síneadh nua i gColáiste na Daoile sa chéad cheathrú de 2014. Ina dhiaidh sin, cuireadh Fógra Conartha ar an suíomh gréasáin ríomhthairisceana ag tabhairt cuireadh do thairiscintí ó Chonraitheoirí Tógála príomha i gcomhair an síneadh ag an Choláiste a thógáil. Cuireadh tuairisc ar an phróiseas tairisceana a bhí an-iomaíoch chuig an Roinn Oideachas agus Scileanna lena machnamh a dhéanamh air agus a gcead a thabhairt.

Le litir, dar dáta 31 Deireadh Fómhair 2014, thug an Roinn Oideachis agus Scileanna údarás do ETB Dhún na nGall dul ar aghaidh agus Litir Intinne a chur chuig an conraitheoir a bhuaigh an conradh. Ina dhiaidh sin, cuireadh Litir Ghlactha chuig an conraitheoir rathúil agus rinneadh doiciméadú an chonartha a shíneadh sa Choláiste ar an 18 Nollaig 2014. Tá an obair in ainm toiseacht ar an suíomh go luath i mí Eanáir 2015 agus glacfaidh sé thart fá 11 mí.

### Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn

Soláthar de Scoil Úrnua, 3,854m2, le háit do 350 dalta curtha ar fáil faoi mhodh oibre na Comhpháirtíochta Príobháideach Poiblí (PPP)

# Eochairthéama 1 - Teagasc & Foghlaim

D’oscail an Taoiseach, Enda Kenny TD, an scoil úrnua i gCnoc na Mónadh/Carnamuggagh, Leitir Ceanainn, i mí na Bealtaine 2014. Ba seo lá fíorthábhachtach do na daltaí, don fhoireann, do thuismitheoirí agus do gach duine atá bainteach le Coláiste Ailigh agus marcálann sé slí shuntasach don Choláiste ó bunaíodh é sa bhliain 2000 i gcóiríocht sealadach i dTeach Sprackburn, An Bóthar Ard, Leitir Ceanainn.

## Coláiste na Carraige (Gairmscoil na Carraige roimhe seo)

Cóiríocht le freastal ar dhaltaí le ASD

Tugadh cuireadh do Chonraitheoirí Príomha chun an chóiríocht seo a thógáil don scoil. Mar thoradh ar an phróiseas tairisceana, cuireadh iarratas chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna le linn an tsamhraidh 2014 i gcomhar maoiniú breise mar go raibh na costais foriomlán níos mó ná an buiséad a ceadaíodh i dtús báire. Cheadaigh an Roinn maoiniú breise i mí Dheireadh Fómhair 2014. Rinneadh Conraitheoir a cheapadh agus tosaíodh ar na hoibreacha roimh Nollaig agus táthar ag súil go mbeidh siad críochnaithe sa chéad cheathrú de 2015.

## Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga

Iarratas ar thuilleadh cóiríochta le freastal ar dhaltaí le ASD

Tugadh cuireadh do Chonraitheoirí Príomha chun an chóiríocht seo a thógáil don scoil. Mar thoradh ar an phróiseas tairisceana, cuireadh iarratas chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna le linn an tsamhraidh 2014 i gcomhar maoiniú breise mar go raibh na costais foriomlán níos mó ná an buiséad a ceadaíodh i dtús báire. Cheadaigh an Roinn maoiniú breise i mí Dheireadh Fómhair 2014, a lig do ETB Dhún na nGall ceapachán foirmeálta a dhéanamh ar an chonraitheoir rathúil chun an togra a sheachadadh. Tá na hoibreacha le toiseacht ar an suíomh go luath agus táthar ag súil go mbeidh siad críochnaithe sa chéad cheathrú de 2015.

## Scéim na nOibreacha Samhraidh 2014

Ceadaíodh maoiniú do ETB Dhún na nGall do thograí i gceithre iar-bhunscoil faoina chúram. Tá sonraí na dtograí thíosluaite. D’fhógair an Roinn Oideachais agus Scileanna maoiniú in dhá bhabhta. Táthar ag fanacht go fóill ar fhógairt maoiniúcháin do thograí i gcatagóirí 8, 9 agus 10.

| Ainm na Scoile | Sonraí an Togra | Tosaíocht/Catagóir |
|---|---|---|
| Coláiste na Carraige | Athsholáthar Coire | 3 |
| Coláiste na Daoile | Oibreacha Dín | 6 |
| Gairmscoil na Mainistreach | Oibreacha Dín | 6 |
| Coláiste na Maoile Rua | Oibreacha Dín | 6 |

Go hachomair, ní raibh an Roinn ábalta ach maoiniú a chur ar fáil do catagóirí 1 – 6 de réir Ciorclán na Roinne ar an bhunús go ndearnadh an mheasúnacht ón bharr anuas.

Ar an drochuair, ní raibh an Roinn ábalta cúnamh deontais a chur ar fáil do gach iarratas. Mar sin féin, de réir Ciorclán na Scéime, coinneofar gach iarratas agus tabharfar tús áite dóibh le bheith curtha san áireamh faoi bhabhtaí eile do Thograí i Scéim na nOibreacha Samhraidh sa todhchaí, ag brath ar infhaighteacht maoiniúchán. Sa chás seo, tá ETB Dhún na nGall ag fanacht le machnamh breise ar iarratais a cuireadh chuig an Roinn faoin Tosaíocht/Catagóir 7,8, 9 agus 10.



Gairmscoil Chú Uladh Students Science Day

## Scéim Pobail d'Fhuinneamh Níos Fearr 2014

Déirigh le ETB Dhún na nGall cómhaoiniú a fháil ó SEAI le dhul i bun Oibreacha in Éifeachtúlacht Fuinnimh sna hIonaid seo leanas:-

1. Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh, Baile Dhún na nGall
2. Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh, Ard Úi Dhomhnaill, Leitir Ceanainn
3. Ionad Oideachais Allamuigh, Gartán.

Ghníomhaigh Comhairle Chontae Dhún na nGall mar an príomhiarratsóir agus rinne siad comhordú ar an iarratas ar mhaoiniú ó SEAI. Séard a bhí i gceist leis na hoibreacha sna trí Ionad thuasluaite ná athshuiteáil ar choiriú d'ard éifeacht chomh maith le huasghrádú bainteach eile. Cheadaigh SEAI 50% de mhaoiniú contrapháirt d'iomlán costais an togra.



Junior Choirs who participated, along with Youth Choir, in the BIG SING held in The Mansion House Dublin, April 2014

## TOSAÍOCHT 4

### Caidreamh dearfach a chur chun cinn a bhuí don cur chuige i leith 'cleachtais athshlánaíochta' a úsáid

Chuir ETB Dhún na nGall i bhfeidhm Togra i gCleachtais Athshlánaíochta, a bhí maoinithe ag Peace III ó 2011-2014. Tharlaigh an dara céim den togra ó Mhárta go Lúnasa 2014 nuair a fuarthas breis maoiniú ó Peace III de bharr fairsingiú. Faoin chéim seo, dhingnigh na scoileanna (ETB agus neamh-ETB), ionaid Ógtheagmhála agus eagraíochtaí d'obair óige (Seirbhís Óige Dhún na nGall agus Foróige) a bhí páirteach sa togra, dhingnigh siad cleachtais athshlánaíochta ina gcuid oibre mar gheall ar oiliúint do níos mó ná 1,400 foghlaimeoir, foirne, tuismitheoirí agus oibrithe deonacha, ag ceannacht acmhainní speisialta agus ag cur amach póstaeir agus físeáin bolscaireachta.

Tá Cleachtais Athshlánaíochta bunaithe ar fhealsúnacht agus prionsabail an cheartais aisiríoch ina bhfeictear éagóir mar dhochar a déantar do dhaoine agus do chaidreamh, agus nuair a déantar a leithéid de dhochar go gcruthaíonn sé oibleagaidí agus dliteanais, agus go ndíríonn sé ar an docahar a cheartú agus gach rud a chur ina cheart. Tá cruthú caidreamh agus meas ina gcomhbhaill fíor-riachtanach.

Ba iad seo a leanas na scoileanna a bhí páirteach sa togra ina ré: Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga; Coláiste Magh Éne, Bun Dobhráin; Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór; Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn; Coláiste Gleann Fhinne, Srath an Urláir; Coláiste Cranncha, Bun Cranncha; Coláiste Pobail Bhun an Pobail; Gairmscoil Chú Úladh, Béal an Átha Móir; Coláiste na Maoile Rua, Baile na nGallóglach; Scoil Chuimsitheach Naomh Colm Cille, Na Gleanntaí; Pobalscoil Chloich Cheannfhaola, An Fál Carrach; Pobalscoil Charn Domhhnaigh; Coláiste Naomh Adhamhnán, Leitir Ceanainn; Pobalscoil na Rosann, An Clochán Liath agus Pobalscoil an Royal and Prior, Ráth Bhoth. Tá na cúig ionad Ógtheagmháil lonnaithe i mBéal Átha Seanaidh, Bun Cranncha/Gleann Gad, Gort a'Choirce, Leitear Ceanainn agus Leifear.

European Union
European Regional Development Fund
Investing in your future

Donegal County Development Board
Bord Forbartha Chontae Dhún na nGall

*Project supported by PEACE III Programme managed for the Special EU Programmes Body by Donegal County Council*

## TOSAÍOCHT 5

### Cur chun cinn réamhghníomhach a dhéanamh ar rogha an chreidiúnaithe mar pháirt de na cláracha a chuireann ETB Dhún na nGall ar fáil.

Chríochnaigh daltaí na hIdirbhliana i nGairmscoil na Mainistreach cúrsa i mBia Sábháilte, creidiúnaithe ag E.H.O.A. Le cois sin, chríochnaigh daltaí na hIdirbhliana agus roinnt beag de dhaltaí na cúigiú bliana traenáil sa chéad fhreagóir le creidiúnas.

Rinne daltaí na hIdirbhliana garchabhair agus teanga chomharthaíochta mar pháirt dá gcúrsaí i gColáiste na Carraige.

De bharr rannpháirtíochta leanúnach i gCleachtais Athshlánaíochta Peace III, dhírigh Teagascóirí Foirme, ag obair le daltaí ina ngrúpa, ar mhachnamh ar fhorbairt phearsanta, féinmheas agus scileanna i réiteach aignis, le fócas ar an dara bliain, i gColáiste Cranncha.

I gColáiste an Earagail, tá na modúil Síneach Mandairín, Sage, Paverpol agus Oideachas Fiontair mar pháirt de chlár na hIdirbhliana. Bhí na daltaí rannpháirteach chomh maith sna cláracha Dámhachtainí ETB Dhún na nGall, Gnóthachtáil Sóisearach agus clár Gaisce.

Bhí a dtorthaí i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide creidiúnaithe ag Bord Scrúduithe Tráchtála na hÉireann, ag gach dalta i gColáise Gleann Fhinne. Tá Clár Scoile an Teastas Sóisearach ina theastas scoil-bhunaithe a déantar ag an am céanna leis an Teasas Sóisearach traidisiúnta. Tá cúrsa na hIar-Ardteistiméireachta creidiúnaithe ag FETAC chomh maith.

I nGairmscoil Chú, tugadh isteach an Tionscnamh Trasteorann darbh ainm ‘Understanding Diversity’.

Chuir Gairmscoil Mhic Diarmada ar fáil creidiúint ó Fhoras Croí na hÉireann, Dámhachtainí Bhanc na hÉireann, Fáilte Éireann agus Gnóthachtáil Sóisearach na hÉireann. Fuair daltaí na hIdirbhliana teastais sábháilte tiomána agus teastais Staidéir ar na Meáin ó HG Productions.

I gColáiste Magh Éne, fuair lucht na hIdirbhiana an deis staidéar a dhéanamh ar na taibh-ealaíona; thraenáil na mic léinn mar thaibheoírí sráide, go speisialta ar chosa croise. I measc cúrsaí eile bhí Garchabhair, Maireachtáil Neamhspléach agus Sábháilteacht Uisce.

Déantar creidiúnais a ofráil i gcláracha d’oideachas aosaigh, ar a n-áirítears VTOS (FETAC agus an Ardteistiméireacht), Ógtheagmháil (FETAC Leibhéil 1-4) ITTC agus BTEI. Tá cláracha BTEI pleanáilte sa dóigh go bhfaighidh mic léinn an chreidiúint is mó, ó Leibhéal 3 go 6 ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochta.

Ofráladh Creidiúint i Seirbhís Bunoideachais ag Leibhéal 1, 2 agus 3. Rinneadh forbairt ar leabhar nua darbh ainm “Core Skills in Reading, Writing and Maths”, le tacú le seachadadh agus creidiúint ag Leibhéal 1. Tugadh dámhachtainí do chorradh le 500 mac léinn ag oícheanta bronnta i nBun Cranncha, Leitir Ceanainn agus Baile Dhún na nGall. Sa chlár d’Oideachas Pobail, spreagtar rannpháirtithe an chúrsa le creidiúint a roghnú nuair atá a leithéid infheidhmithe agus ábhartha, macasamhail TFC, Garchabhair agus Garradóireacht.

I ndáil le hoideachas faoin aer, déantar iomlán cúrsaí cáilíochta, ceannaireachta agus cúrsaí oidí a chreidiúint go seachtrach.

## TOSAÍOCHT 6

Comhdhlúthú a dhéanamh ar sholáthar de sheirbhísí treoracha a chuirtear ar fáil do dhaltaí.

? Tá Clár Treorach na Scoile Uile faoi athbhreithniú agus forbairt leanúnach i ngach Scoil agus Coláiste de chuid ETB Dhún na nGall le Boird Bainistíochta ag ceadú Pleananna Treoracha agus Meastúcháin ar bhonn leanúnach.

? Cuireann an Treoirsheirbhís d'Fhoghlaimeoirí Aosach Dhún na nGall ar fáil treoir cuimsitheach leanúnach agus réamh-fhágala do dhaoine fásta ar chláracha oideachais aosaigh ETB Dhún na nGall agus treoir réamh-iontrála dóibh siúd atá ag smaoineadh ar chláracha oideachais agus oiliúna a chuireann soláthraithe seachtracha ar fáil.

## TOSAÍOCHT 7


Spiorad na cruthaitheachta agus na fiontraíochta a ghríosadh i ngach Scoil, Coláiste agus Ionad.

Ceiliúradh na nDámhachtainí Bliantúil ó ETB Dhún na nGall.

In 2014, bhí an Dara Dámhachtain Bliantúil de Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (ETB Dhún na nGall) in Óstán an Villa Rose, Bealach Féich. Bhí rannpháirtíocht ó 15 scoil agus coláiste de chuid ETB Dhún na nGall, a ndéanann an Bord bainistíocht orthu, i láthair ag an searmanas dámhachtana 'Oscar' maraon le rannpháirtíocht ón ocht Seirbhís Oideachais agus Oiliúna d'Dhaoine Fásta, an Treoirsheirbhís do Dhaoine Fásta, Ionad Oideachais Allamuigh Ghartán, an tSeirbhís Ceoil agus an tSeirbhís don Óige. Bhí duaiseanna ar fáil in ocht gcatagóir éagsúil, ina measc: Taighde; Teicneolaíocht agus Oideachas; Smaointeoireacht Nuálach; Tograí Uileghabhálach; Comhoibriú le hEagraíochtaí Áitiúla; Tograí Glasa; Dea-chleachtas sa tSláinte agus STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Na hEalaíona agus Matamaitic).

Ina fheidhm dheireanach fhoirméalta mar Chathaoirleach ar ETB Dhún na nGall, bhronn An Clr Philip McGlynn 54 teastas agus 8 nduais catagóire.

## Cáirt de Dhámhachtainí Bliantúil 2014




| Duais Chatagóire 2014 | Scoil/Coláiste/Ionad |
|---|---|
| STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, | Gairmscoil Chú Úladh, Beal an Átha Móir |
| Na hEalaíona agus Matamaitic) | Ógtheagmháil, Leitir Ceanainn |
| Dea-chleachtas sa tSláinte | Coláiste Phobail Cholmcille, Oileán Thoraí |
| Tograí Glasa | Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth |
| Togra Uileghabhálach | An Clár Foghlaim don Saol, ETB Dhún na nGall, |
| Comhoibriú le Eagraíochtaí Áitiúla | Coláiste an Earagail |
| Smaointeoireacht Nuálach | Seirbhís d'Oideachas Aosaigh, ETB Dhún na nGall |
| Teicneolaíocht agus Oideachas | Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth |
| Taighde | Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór |

## Scoileanna ETB Dhún na nGall thar barr ag an 50ú Taispeántas d'Eolairí Óga 2014

Cuireadh isteach corradh agus 2,000 iontrálacha chuig an 50ú Taispeántas d'Eolairí Óga 2014 agus roghnaíodh 550 dóibh le bheith taispeánta san RDS, Baile Atha Cliath. Bhain Scoileanna Dara Leibhéal ETB Dhún na nGall 7 nduais ó thrí scoil dá chuid:

| | |
|---|---|
| Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn | 4 Dhuais |
| Coláiste na Maoile Rua, Baile na nGallóglach | 1 Duais |
| Coláiste Magh Éne, Bun Dobháin | 2 Dhuais |

Coláiste Ailigh: Fuair beirt dheartháir, Eoin agus Rónan Mac Gaoithín as Leitir Ceanainn, dhá dhuais ag an Taispeántas, ar a n-áirítear an chéad áit ina gcatagóir. D'aimsigh siad leacht a shiocann ag céim amháin ceinteagrádach sa dóigh go n-athraíonn an leacht go dath eile ag an reophointe agus ansin cuireadh isteach é i 'súile cait' an bhóthair chun rabhadh a thabhairt do thiománaithe go raibh an dromchla sioctha. Anois, tá comhlacht eolaíochta Meiriceánach, darb ainm Intellectual Ventures, ag tabhairt an bheirt nuálaí ar eitléan go Seattle chun forbairt a dhéanamh ar a bhfréamhshamhail de bhraiteoir sábháilteacht bóthair. Coinnigh cuimhne ar an bheirt dheartháir seo!

Coláiste na Maoile Rua: Fuair Chloe Bradley, mac léinn 5ú bliana, an Duais Fondúireachtú Eolaíocht Éireann. Rinne Chloe fiosrú ar luach cothaitheach an aitinn agus an fhraoigh mar fhoinse bia do chaoirigh na gcnoc. Ghlac Chloe uirthi féin an togra a dhéanamh an samhradh seo caite nuair a chothaigh sí 27 caora ar aiteann, fraoch agus féar thar thréimhse cúig (5) seachtaine. Mar gheall ar an togra seo, d'fhiosraigh sí an bhféadfaí an cnuasach seo a úsáid mar fhoinse bia do chaoirigh na gcnoc agus bhí toradh dearfach ar a cuid conclúidí. Tá súil ag Chloe slí bheatha sa talmhaíocht a dhéanamh agus tá spéis mhór aici a bheith ina tréidlia.

Coláiste Magh Éne, Bun Dobhráin: Bhí ionadaíocht láidir acu sa Taispeántas. Chuir 11 Togra ón Choláiste i láthair a dtaighde san RDS, ag cur Coláiste Magh Éne sa 5ú scoil is airde sa tír don méid tograí ar glacadh leo sa taispeántas!

Fuair dhá thogra ón scoil Ard Mholadh dá gcuid oibre:-

(i) Mic Léinn na hIdirbhliana, Chloe Johnston, Sonia Leahy agus Aoife Keegan dá dtogra *'Menu formats; do they affect meal selections?'*
(ii) Mic Léinn na 5ú Bliana, Alannah Nic A Bhaird, Rebecca Wymbs agus Heather McGowan, dá dtogra *'To investigate how the environment of a holly tree affects the life cycle of the holly leaf miner (Phytomyza ilicis)'*

Cuireann Oideachas Aosaigh cláracha cruthaitheachta macasamhail iad seo chun cinn:

- In Oideachas Pobail, rinne an Grúpa um Scileanna Infostaitheachta i Srath an Urláir forbairt ar chluiche darbh ainm 'Finoply Game', bunaithe ar an dá bhaile cúplach, Bealach Féich agus Srath an Urláir.
- Chuir an Grúpa um Chultúr Turasóireachta as Port Nua i láthair portfóilíonna, déantáin agus stair bhéil dá gceantar mar pháirt d'Imeacht Oideachais Bliantúil de Chumann Staire Dhún na nGall.
- Rinne Grúpa Turasóireachta Cultúrtha an Chlocháin Léith forbairt ar leabhrán "Folklore & Heritage of the Rosses".
- Chuir foghlaimeoirí Ógtheagmhála i gcrích cleachtadh oibre mar chuid dá gcúrsaí chomh maith le freastal ar Aonach Treorach d'Fhoghlaimeoirí Aosta. Lena chois sin, cuireann an clár Ógtheagmhala ar fáil laethanta ar scileanna taispeántais/scileanna agallaimh ar fud an chontae a ghlacann 2-3 mhí réamhullmhúcháin roimh an Aonach Treorach d'Fhoghlaimeoirí Aosta i mí Eanáir.

## TOSAÍOCHT 8

Struchtúir agus Córais na hEagraíochta a chuíchóiriú chun go mbeidh sí in inmhe a cuid feidhmeanna feabhsaithe úra a chur i gcrích.

- Le cur i bhfeidhm an Wi-Fi Fiontraíochta, thug scoileanna isteach iPads agus gléasanna móibíleach eile do mhúinteoirí.
- Tá a gcórais riaracháin mac léinn bogtha anois go dtí an néal-aip ag an chuid is mó de na scoileanna. Cuireann sé seo ar fáil eispéireas feabhsaithe ar-líne, m.sh. cuireann sé ar chumas múinteoirí glaochanna rolla a ghlacadh ar ghleásanna móibíleach.
- De thairbhe an bhogadh ag scoileanna go córais ríaracháin ar-líne, leithéid VSware, cuirtear feabhas ar infhaighteacht agus idirghníomhú na foirne go léir agus laghdaíónn sé an ghá le crua-earraí inmheánacha ar leith.

## TOSAÍOCHT 9

Athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais reachtúla/rialachais atá mar bhonn agus thaca le ETB Dhún na nGall agus a chinntiú go gcuirfear iarmhairtí an phróisis sin i bhfeidhm.

- Tá ETB Dhún na nGall faoi rialú oibleagáidí reachtúla ábhartha agus tré cruinnithe an Bhoird agus cruinnithe gaolmhara na gCoistí (Boaird Bainistíóchta, Airgeadais agus Iniúchóireachta, Bord Oideachais Aosaigh agus Coiste an Óige), cuireann an eagraíocht i bhfeidhm iomlán na nghníomhaíochtaí riachtanacha chun a chinntiú go gcloítear leis na hoibleagáidí reachtúla agus rialachais atá leagtha síós ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Tá Cód Dea-Chleachtais do Rialachas glactha ag Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall. Tá an Cód ar glacadh leis ar aon dul leis an Cód atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i gCiorclán F11/05. Sé aidhm an Chóid ná a chinntiú gur chuir an Coiste Gairmoideachais i bhfeidhm na prionsabail de dhea Rialachas agus Bainistíochta. Glacfaidh ETB Dhún na nGall le Cód Rialachais nua faoin Acht Oideachais agus Oiliúna, 2013, nua.
- Faoi reachtaíocht nua, sheol ETB Dhún na nGall Coiste Iniúchóireachta, Coiste Airgeadais agus Córas éifeachach do Rialú Airgeadais Inmheánach.
- Rinneadh na hIniúchtaí seo leanas le linn 2014:
- Iniúchadh Cuntais don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) don tréimhse cuntasaíochta sé mhí dheireanach de ETB Dhún na nGall, dar chríoch 30 Meitheamh 2014.
- Iniúchadh Inmheánach (Ginearálta) don VSSU (Aonad Seirbhísí Tacaíochta Gairmoideachais).
- Ní raibh aon chruinniú ann le linn 2014 chun próiseáil a dhéanamh ar Achomhairc Alt 29. Próiseálann an Coiste Achomhairc achomhairc i ndaíl le Díbirt, Diúltú Clárú agus Fionraíocht i scoileanna nó coláistí faoi Acht 29 den Acht Oideachais, 1998.
- Tá ETB Dhún na nGall, i gcomhar le Árachas IPB agus ETBI, i mbun Córas Sláinte agus Sábhálteachta a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm don Rannóg ETB. San am i láthair, táthar ag déanamh athbhreithniú ar pholasaithe Sláinte agus Sábháilteacht agus cuirfear i bhfeidhm iad thar an dá bhliain amach romhainn ar bhun céimnithe. Déanfar forbairt ar Chóras nua do Bhainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta chomh maith.

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH – TUARASCÁIL AIRGEADAIS

### FORBHREATHNÚ

Straitéis Airgeadais

Tá sé mar aidhm ag Feidhm an Airgeadais tacú leis an Choiste i mbaint amach, laistigh den Bhuiséad, na spriocanna atá leagtha síos sa Phlean Seirbhíse. Le Tacaíocht Airgeadais áirítear tacaíóchta chinnteoireachta, rialú corparáideach ar airgead poiblí, próiseáil idirbheartaíochtaí agus Freagracht Reachtúil.

Freagracht Reachtúil

Tá coinníollacha dochta freagrachta i bhfeidhm do ETB Dhún na nGall. I measc na riachtanas seo, tá ullmhúchán na gCuntas Bliantúil i bhformaid atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Iniúchadh na gCuntas sin ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá Córais Rialaithe Airgeadais, bunaithe ar Pholasaithe agus Nósanna Imeachta mionsonraithe, i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na coinníollacha seo agus lena chinntiú go mbainfear amach aidhmeanna go héifeachtach.

Nótaí Tráchta ar Fheidhmíocht

Rinne an Rannóg Airgeadais bainistiú agus riarachán ar 90 Buiséad Clár de chaiteachas atarlaithe de €51.05 milliún agus roinnt Tograí Caipitiúla, i gcomhar le Rannóg na Bainistíochta Eastát, caiteachas de €I.06 milliún agus ionann le caiteachas iomlán de €52.11 milliún.  Chuir an patrún leanúnach boilscithe dúshláin mhóra os comhair lucht na mBuiséad maidir le seachadadh a gcuid seirbhísí.

Siocair gur fhostaigh Coiste Gairmoideachais/ETB Dhún na nGall 1,381 ball foirne, le hábhaltachtaí éagsúla, is ceann de na Fostóirí is mó sa Chontae é.

Rinneadh próiseáil ar shuim iomlán de €1.385 milliún i bhfabhar 228 mac léinn a d’fhreastail ar Choláistí Tríú Leibhéil aitheanta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, mar aon le 3 mhac léinn a d’fhreastail ar Chúrsaí iar-Ardteistiméireachta i Scoileanna Dara Leibhéil ar fud an Chontae.

Rinneadh próiseáil ar shuim iomlán de €2.2 milliún i bhfabhar Oiliúnaithe a bhí rannpháirteach sna Cláracha éagsúla faoi Sheirbhísí Breisoideachais agus Oideachas Aosach, macasamhail an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), Ógtheagmháil/Youthreach, maraon le réimse leathan cúrsaí curtha ar fáil ar bhonn conartha thar ceann SOLAS.


Faisnéis Airgeadais

Tá Iniúchadh na gCuntas don chéad thréimhse cuntasaíochta ó 1 Iúil 2013 – 31 Nollaig 2014 ag dul ar aghaidh agus táthar ag súil go bhfaighfear deimhniú foirmeálta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i mí na Nollag 2015.

Tá Achoimre na nÍocaíochtaí don bhliain 2014 leagtha amach sa Tábla thíos:

| CLÁR | CAITEACHAS 2014 | |
|---|---|---|
| | €000 | % |
| Ginearálta agus Iar-bhunoideachas (Costais reáchtála 15 Scoil Iar-bhunoideachais, Coláiste, Clár Rang Oíche d'Oideachas Aosaigh agus Oifigí ETB) | 35,726 | (62.66%) |
| Seirbhísí Breisoideachais & Oideachas Aosaigh (VTOS,Ógtheagmháil, Litearthacht Aosaigh, Oideachas Pobail, Treoir d'Aosaigh, Cúram Páistí, DMEP &rl.) | 8,671 | (15.20%) |
| Seirbhísí Oiliúna (Iúil – Nollaig 2014) | 6,160 | (10.80%) |
| Seirbhísí d'Obair Óige | 485 | (0.85%) |
| Seirbhísí Tacaíóchta Mac Léinn – Scoláireachtaí | 870 | (1.53%) |
| Tograí Féinmhaoinithe | 2,004 | (3.51%) |
| Gníomhaireachtaí | 2,073 | (3.64%) |
| Tograí Caipitiúla | 1,031 | (1.81%) |
| Iomlán | 57,020 | 100% |

## Achoimre na nÍocaíochtaí do 2014





to support the Committee in the achievement, within Budget, of objectives set out in the Service Plan. Finance Support includes decision making support, corporate control of public money, transaction processing and Statutory Accountability.

Léiríonn tuilleadh anailíse ar Íocaíochtaí 2014 iad seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Pá | €41.38 milliún | (72.57%) |
| Neamh-Phá | €5.13 milliún | (8.99%) |
| Líuntais Traenálaí/Foghlaimeora | €1.97 milliún | (3.45%) |
| Seirbhísí Traenála | €6.16 milliún | (10.80%) |
| Deontais Tríú Leibhéal | €0.87 milliún | (1.53%) |
| Seirbhísí d'Obair Óige | €0.48 milliún | (0.85%) |
| Tograí Caipitiúla | €1.03 milliún | (1.81%) |
| Iomlán | €57.02milliún | (100%) |

**Pay Breakdown 2014**



## Rialachas Corparáideach

Tá glactha ag an CGO le Cód Dea-Chleachtais Rialachais. Tá an Cód atá glactha leis ag teacht leis an Chód atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i gCiorclán F11/05. Tá sé mar chuspóir ag an Cód a chinntiú go gcuireann ETB Dhún na nGall i bhfeidhm na Prionsabail do Rialachas agus Bainistíocht mhaith.

Ó thaobh an Airgeadais de, tá cuidiú ar fáil don phróiseas seo siocair gur ceapadh Coiste Iniúchóireachta agus Fochoiste Airgeadais agus go bhfuil Córas éifeachtach do Rialú Inmheánach Airgeadais i bhfeidhm.

## An Coiste Iniúchóireachta

Tá seachtar Ball Neamhfheidhmiúcháin de Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall ar an Choiste Iniúchóireachta, iad go léir neamhspleách ón Bhainistíocht agus faoi Chathaoirleacht an Chomhairleora Jimmy Kavanagh, a toghadh chuig an phost seo ar feadh tréimhse an Choiste reatha.Tá sé de dhualgas ar an Choiste Iniúchóireachta monatóireacht a dhéanamh ar an Fheidhmeannas i gcur i gcrích a gcuid feidhmeanna agus i gcur dearbhú ar fáil don Choiste maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bpróiseas do Rialú Inmhéanach. Fuair siad tuarascálacha ón Bhainistíocht, ón Iniúchóireacht Sheachtrach, curtha ar fáil ag an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus ón Iniúchóireacht Inmheánach, curtha ar fáil ag Aonad na Seirbhísí Gairmthacaíochta (VSSU) ar a n-áirítear athbhreithniú ar na polasaithe agus na gnáthaimh a rialaíonn feidhm an Airgeadais agus feidhmeanna eile. Faigheann an Coiste cóipeanna de Mhiontuairiscí Chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus cuirtear iad seo san áireamh i nglacadh le Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais agus ceadú na ngCuntas Bliantúil.

## Fochoiste Airgeadais

Tá ochtar comhalta ar an Fhochoiste Airgeadais, ina measc an Príomhfheidhmeannach i ról Ex-Officio. Tá an fochoiste freagrach as athbhreithniú ar Ioncam/Chaiteachas an CGO, mórchonarthaí a bhronn an CGO agus gnéithe airgeadais de na Pleananna Oideachais agus Seirbhíse faoi seach. Cuireadh mionrtuairiscí Fochoiste Airgeadais faoi bhráid an Choiste lena machnamh a dhéanamh orthu agus cuidiú leo a dheimhniú go bhfuil na Pleananna Oideachais agus Seirbhíse á mbaint amach.

## Rialú Inmheánach

Tá freagracht foriomlán ar an Choiste le déanamh cinnte go bhfuil Córas éifeachtach do Rialú Inmheánach Airgeadais coinnithe agus á chur i bhfeidhm. Déanann an Coiste Athbhreithniú Bliantúil ar Rialú Inmheánach agus faigheann sé Tuarascáil ón Choiste Iniúchóireachta le machnamh a dhéanamh uirthi. Tá an Córas do Rialú Inmheánach Airgeadais bunaithe ar na Gnásanna Riaracháin mionsonraithe atá i bhfeidhm, ar idirdhealú dualgas, údaraithe faoi leith agus ar athbhreithniú rialta ag an Bhainistíocht agus an Coiste ar thuarascálacha faoi thorthaí Iarbhír agus Buiséadaithe do na Cláracha éagsúla.

Aoisliúntas agus Sochair Scoir

Tugann tábla 3.2 tuairisc faoi shonraí eagrúcháin na Rannóige Pinsin don bhliain 2014:

Ainm Scéime: Scéim Aoisliúntais Mhúinteoirí Gairmoideachais, Scéim PB 250969
Scéim Aoisliúntais na Rannóige Oideachais, Scéim PB250975

| Mír | Sonraí |
|---|---|
| Líon Daoine a scoir in 2014 | ** (bás le linn seirbhíse (más infheidhmithe)) 12 |
| Líon Iomlán na nDaoine Scortha | (iad thuas san áireamh) 211 |
| Líon na bhfiosrúcháin nua sa bhliain reatha | 287 |
| Líon na bhfiosrúcháin a próisealadh | 243 |
| Líon na bhfiosrúcháin ag dul ar aghaidh suas go dtí 31/12/2014 | 394 |
| Ciorcláin/Comhaontaithe Comhchoiteann a raibh tionchar acu ar an Scéim Pinsin sa bhliain 2014. | CL 62/2014 Cur i bhfeidhm Socruithe Pinsin d'fhostaithe Páirtaimseartha mar atá sonraithe in Cl 25/2008 le spriocdháta 31/03/2016 – beidh gá le athamharc a thabhairt ar na comhaid seo. CL 33, 34, 35 & 36 Síneadh ar Tréimhse Chairde go 30/06/2016, oiriniú láimhe ar na teidlíochtaí deirneacha CL 14/2014– Bliain Oibre Níos Giorra, Seirbhís Gan Pinsean nuair a bhaintear tairbhe as seo. CL 15/2014- Ús Iolraithe go 3.5% w.e.f. 01/12/2014. CL 57 & 58/2014 Scálaí Pá leasaithe – feasacht de réir Pinsean CL 0008/2014 Athruithe i Saoire Bhliantúil, Neamh-Acadúil, leasú Pinsin da réir sin. CL 0029/2014 Maoirseacht & Ionadaíocht d'Ionaid Breisoideachais DPER CL 11/2014 SPSPS Ríomhaireamh Sochair agus Ráitis Info PCW 55/35 – Soiléiriú Riail ar incháilítheacht scortha faoi seo. Litir DES 29 M.Fómh. 2014 – Rialacha soiléir maidir le Uaireanta Oide d'áireamh teidlíochtaí pinsin. |

## TOSAÍOCHT 10

### An sainoilteacht agus na hinniúlachtaí atá ag ball foirne a aithint agus iad a mheaitseáil le heochairscileanna eagrúcháin.

- Rinne roinnt Scoileanna agus Coláistí athbhreithniú ar Phostanna Freagrachta atá ina scoil féin maidir le hoiriúnacht na foirne na dualgais seo a chur i gcrích. Iarradh ar bhaill foirne a bhí ag seachadadh an Clár VTOS, a bhfuil sainoilteacht ar leith acu i réimse éagsúil, ceannródaíócht a ghlacadh do thograí ar leith.

## TOSAÍOCHT 11

### Deiseanna foghlama a sholáthar do bhaill foirne le tacú leis na foirne agus acmhainneacht eagrúcháin a chruthú d'fhonn cáilíocht an tsoláthair oideachasúla a fheabhsú.

Baineann an fhoireann teagaisc i Scoileanna agus i gColáistí an Bhoird úsáid rialta as cúrsaí in-seirbhíse in ábhair éagsúla i rith na bliana chun cuidiú le cur i bhfeidhm forbairtí sa churaclam a ofráiltear do mhic léinn.

Cuireann foireann an Oideachas Aosaigh ar fáil seisiúin traenála agus faisnéise do chláracha aonair, macasamhail Ógtheagmháil, agus seisiúin traenála agus faisnéise tras-chláir ar rudaí ábhartha macasamhail dearbhú cáilíochta FETAC.

Lena chois sin, spreagtar an fhoireann ar fud na heagraíóchta a gcuid spriocanna agus a gcuid uiallmhianta féin a leanúint de thairbhe Teagasc ar feadh an tSaoil, a éascaíonn soláthar de chaighdeán níos airde oideachais agus tacaíochta ar fud na heagraíochta.


Thug ETB Dhún na nGall agus grúpa de 15 príomhoide agus roinnt pearsanra TFC ó fhoras iar-bhunoideachais agus oideachasúla i nDún na nGall cuairt ar cheithre scoil iar-bhunoideachais i gceantar Dhoire/an tSratha Báin i gcomhar leis an tSeirbhís Churaclaim agus Tacaíochta de chuid an Bhoird Oideachais agus Leabharlann an Iarthair ar mhaithe le heispéireas agus sainoilteacht ar úsáid Teicneolaíocht Faisnéise sa tseamra ranga a mhalartú.

Sa bhliain 2014, bhí an t-adh ar bhaill den fhoireann cáilíochtaí a fháil i réimsí éagsúla, ina measc:


- Cleachtais Aisiríoch in Oideachas
- Ceannaireacht Theagascach
- Ceannaireacht Oideachais
- Pleanáil agus Forbairt Scoile
- Oiliúint i gCosaint Páistí
- An Teanga Ghaeilge
- Cúram Treádach

Déanann an gráf thios achomaire ginearálta ar an chineál tacaíochta a fuair an fhoireann sa bhliain 2014. I measc samplaí d'Fhorbairt Leanúnach i dTeagasc agus Foghlaim, tá said seo:

| | |
|---|---|
| Oiliúint don Oiliúnóir FETAC Leibhéal 6 (VTOS) | Cúrsaí In-seirbhíse faoi Shainordú Náisiúnta |
| Cosaint Páistí (Comhpháirtíocht Ceoil) | Soláthar do ASD |
| Ceannaireacht Theagasach | Meabhairshláinte & Strus |
| Oiliúint i FETAC Leibhéal 3 | Measúnacht FETAC |
| Inspreagadh do Mhic Léinn | Frithbhulaíocht |
| Oiliúint LCA | Comhiomlánú ar Litearacht |
| Ríomhfhoghlaim | A.S.I.S.T. |
| Bainistiú Seomra Ranga | Garchaibhair Oibre |
| Feasacht ar Chomhionannas | Oiliúint NLP (Foghlaim don tSaol) |
| Oiliúint ar Shláinte & Sábháilteacht | Scileanna Stiúrtha (Comhpháirtíocht Ceoil) |
| Oiliúint NFET (Fiontraíocht) | Oiliúint i Sláinte Ghnéis |
| Oiliúint ar 'Girls Active' (FSS) | Cleachtais Aisiríoch |
| Traenáil don Bhord Roghnúcháin | Traenáil i mBíog Díola |
| Úsáid Substaintí | Traenáil do Comhairle na Mac Léinn/Foghlaimeoirí |




Lena chois sin, bhain baill foirne amach cáilíochtaí i roinnt réimsí, ina measc:



## TOSAÍOCHT 12

### A bheith mar eagraíocht inniúil chomhionannais

- Bunaíodh Grúpa Oibre chun Straitéis Chomhionannais a fhorbairt do ETB Dhún na nGall agus glacadh leis an dréacht do Pholasaí um Stádas Comhionannais agus an Plean Feidhmithe i mí na Nollag 2012. Cuireann na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2008 chun cinn deiseanna comhionannais agus coscann siad idirdhealú ar sholáthar earraí agus seirbhísí, cóiríocht agus forais oideachasúla. Tá an Polasaí seo deartha chun dul i ngleic le comhionannas i ndáil le ETB Dhún na nGall agus na seirbhísí a chuireann muid ar fáil agus ar ócáidí ina dtugann muid cead ár bhfoirgnimh a úsáid faoi choinne traenála agus gníomhaíochta eile.

- Faigheann an fhoireann in Ógtheagmháil feasacht ar chúinsí comhionannais a áiríónn frithchiníochas agus seiteachas.

- Tá Polasaí Iontrála oscailte trédhearcach ag gach Scoil agus Coláiste faoi chúarm ETB Dhún na nGall. Tá rochtain comhionann ar gach ábhar ag iomlán daltaí a fhreastalaíonn ar Scoileanna agus Coláistí ETB Dhún na nGall. Tugann an mhórchuid de Scoileanna agus Coláistí an Bhoird rogha do dhaltaí na chéad bhliana gach ábhar úr a 'bhlaiseadh' ar feadh seal ama sula a ndéan siad cinneadh deireanach ar ábhair don Teastas Sóisearach. Cuireann Scoileanna agus Coláistí comhionannas chun cinn agus ofrálann siad rochtain oscailte ar gach ábhar.

## TOSAÍOCHT 13

### Straitéisí a chur i bhfeidhm chun na gnéithe diúltacha d'aighneas a theorannú.

- Tá cuid mhór oibre a dhéanamh i Scoileanna, Coláistí agus Ionaid i réimse an aighnis. Tá Cleachtais Aisiríoch curtha i bhfeidhm ag ETB Dhún na nGall. Tá traenáil a cur ar fáil agus ag súil go ndéanfar neadú air seo ar fud na heagraíochta.

## TOSAÍOCHT 14

### Soláthar Seirbhísí tré mheán na Gaeilge a chur chun cinn

Siocair go bhfeastalaíonn ETB Dhún na nGall, mar Bhord Oideachais agus Oiliúna, ar cheantar mhór Gaeltachta, lean an Bord ar aghaidh lena chumas agus a inniúlacht sa Ghaeilge i rith 2014.

Bhí an Bord in ainm an tríú Scéim a ullmhú agus a chur faoi bhráid, de réir Mír 11 den Acht um Theangacha Oifigiúla, 2003. Ach, mar gheall ar athruithe móra atá ag tarlú san earnáil, díríodh ar ullmhú scéime don aonán nua, Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, chun an t-athrú agus an suimiú den dá Iar-Ionaid Traenála FAS.

## PRIORITY 15

Forbairt a dhéanamh ar choráis bainistíochta coimhlinte san eagraíocht a chuireann sa chuntas modhanna malartacha de réiteach coimhlinte

- Le mórán blianta, tá ETB Dhún na nGall ag moladh modhanna malartacha chun coimhlint a réiteach. Cuirtear na prionsabail, Idirghabháil agus Ceartas Aisiríoch, i bhfeidhm nuair a tharlaíonn coimhlint san eagraíocht, do Bhaill Foirne agus do Dhaltaí.

- Tá na príomhbhaill foirne cáilithe mar Eadránaithe. Tá paineál inmheánach d'Éascaitheoirí ar Réiteach Coimhlinte ag an Choiste chomh maith le gréasán seachtrach de chleachtóirí Éadránaithe agus Comhairleoirí proisfisiúnta.

## TOSAÍOCHT 16

Struchtúir agus tosaíóchtaí eagrúcháin a athchoiriú agus solúbthacht a chur chun cinn i ndáil le róil oibre chun iad a bheith in oiriúint do riachtanais atá ag athrú.

Cuireann Rannóg na nAcmhainní Daonna in ETB Dhún na nGall tacaíocht ar fáil i gceithre réimse oibre ar leith, siad sin:

- Riarachán Acmhainní agus Saoire
- Earcaíocht agus Saoire
- Feidhmeanna Ginearálta Acmhainní Daonna
- Aoisliúntas/Pinsin

Bhí tionchar suntasach ag reachtaíocht chosanta, i.e. na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Oibrithe Páirtaimseartha), 2001 agus (Oibrithe ar Théarma Socraithe), 2003, maraon leis na comhaontuithe comhchoiteann a tharla dá mbarr, ar bhaill foirne an Rannán Acmhainní Daonna.

| Post | Líon na bPost |
|---|---|
| Príomhoide | 2 |
| Leas-Phríomhoide | 2 |
| Múinteoirí (PRPT) | 20 |
| Comhordaitheoir Teagmhála Baile/Scoil/Pobal | 1 |
| Múinteoir Teagmhála ar Iompraíocht Dhearfach | 2 |
| Cúntóirí Riachtanais Speisialta | 3.75 |

Tábla 1.1 Postanna a líonadh in 2014

Le cois an méid atá thuas, baintear úsáid as acmhainní chomh maith le postanna Ócáideacha agus Neamhócáideacha a líonadh de réir mar a tharlaíonn a leithéid i Scoileanna/Coláistí/Ionaid an Choiste. Líonadh fiche naoi den chineál sin post sa bhliain 2014 trí nósanna imeachta Earcaíochta agus Roghnúcháin.

Foireann Teagaisc
Ar mhaithe le líon na múinteoirí do scoileanna agus coláistí dara leibhéil a dheimhniú, tosaíonn próiseas i mí Dheireadh Fómhair gach uile bhliain trína gcuirtear leithdháileadh táscach na múinteoirí, bunaithe ar uimhreacha tinrimh dara leibhéil na scoilbhliana roimhe sin, ar aghaidh chuig gach Scoil/Coláiste dara leibhéal. Ceadaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna breis leithdháileadh múinteoirí mar a leanas:

- Tríd an phróiseas achomhairc chuig Leithdháileadh Tosaigh na Roinne, mar thoradh ar mholtaí mionsonraithe ó gach scoil/coláiste i ndáil le géar-easnaimh churaclaim. Maireann an phróiseas seo ó mhí Feabhra go mí Mheithimh.

- Iarratais ar acmhainní i ndáil le riachtanais speisialta, foghlaimeoirí ón Lucht Siúil agus foghlaimeoirí nach Náisiúnaigh iad.
- Tuilleadh iarratas ag baint le huaireanta cúitimh do Chomhordaitheoir na gClár agus Stiúrthóirí Oideachais d'Aosaigh, lamháltais curaclaim agus Cláracha iar-Ardteistiméireachta.
- Leithdháileadh a nochtann ó chláracha macasamhail an Clár Críochnaithe Scoile agus DEIS.

Ba é 410.73 Coibhéis Lánaimseartha an Leithdháileadh deiridh Múinteoirí do Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall do mhí Mheán Fómhair  2011 (an scoilbhliain 2013/2014).

Foireann Riaracháin
Déanann an Roinn Oideachais & Scileanna leithdháileadh ar an Fhoireann Riaracháin ar an bhunús seo a leanas:-

- de réir na bhfoirmlí comhaontaithe atá leagtha síos i dTuarascáil Rochford agus comhaontú ina dhiaidh sin ar leibhéal an tsoláthair foirne sna Coistí Gairmoideachais, agus
- ar bhunús cláir.

Cuirtear Tuarascálacha chuig an Roinn Oideachas agus Scileanna gach ráithe i ndáil lena leibhéal ceadaithe feidhmíochta ina leith seo.

Sa bhliain 2014, bhí 70 ball foirne riaracháin fostaithe i bPríomhoifigí Riaracháin an Choiste, sna Scoileanna, sna Coláistí agus sna hIonaid. Bhí leibhéal na foirne riaracháin ionann le 8.41% den bhuiséad pá foriomlán.

Foireann Tacaíochta

Déantar Ball Foirne Tacaíochta a leithdháileadh de réir líon agus méid na Scoileanna/Coláistí agus caighdeán/acmhainn na cóiríochta a úsáidtear i ngach cás. Bhí iomlán de caoga ball foirne tacaíochta fostaithe i bPríomhoifigí Riaracháin an Choiste, sna hIonaid, sna Coláistí agus sna Scoileanna le linn na bliana 2014.
Bhí leibhéal na foirne tacaíochta ionann le 3.18% den Bhuiséad Pá foriomlán.

Cothromaíocht Oibre-Saoil agus Teidlíochtaí Saoire na mBall Foirne

Aithníonn CGO Dhún na nGall go bhfuil riachtanais agus oibleagáidí pearsanta ag baill foirne agus, chomh fada agus is féidir laistigh de na treoirlínte ábhartha, déanann an Coiste éascú ar theidlíochtaí saoire chun freastal ar na riachtanais sin. Léiríonn Figiúr x.x na hiarratais ar theidlíochtaí saoire a ndearnadh próiseáil orthu don fhoireann i rith 2014.

Iarratais ar Theidlíochtaí Saoire

| | |
|---|---|
| Saoire Mháithreachais | 42 |
| Saoire Thuismitheoireachta | 18 |
| Iasachtaí | 4 |
| Saoire Chúramóra | 1 |
| Post-roinnt | 33 |
| Comhroinnt Oibre | 7 |
| Sos Gairme | 9 |

Tá cothabháil a dhéanamh ar iomlán thaifid eile na foirne, macasamhail neamhláithreacht bhaill foirne mar gheall ar bhreoiteacht, saoire bhliantúil, saoire atruach, saoire force majeure, saoire gan pá agus déantar taifid phearsanta a thabhairt suas chun dáta de réir riachtanais iniúchóireachta / eagrúcháin.

In Ionad Eachtraíochta Ghartan, aithnítear gurb é solúbthacht an toisc ratha. Admhaíonn agus aontaíonn na baill foirne go léir le cultúr na solúbthachta i ngach ról oibre.

## TOSAÍOCHT 17

### Straitéis chomhtháite do Theicneolaíocht Faisnéise & Cumarsaíde a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do ETB Dhún na nGall

- Siocair an fhócas atá ar theicneolaíochtaí néil agus móibíleacha, shocraigh ETB Dhún na nGall a infreastruchtúr TFC a uasghrádú agus Enterprise Wi-Fi a thabhairt isteach. Rinneadh cur i bhfeidhm céimneach ar an togra seo agus cuireadh críoch le céim 3 i mí na Nollag 2014.
- Cuireann Enterprise Wi-Fi ar fáil an t-infreastruchtúr teicniúil a cheadaíonn tabhairt isteach gléasanna néal móibíle i ngach gceann dár scoileanna agus ionaid.
- Mar chuid den tionscadal seo, rinne ETB Dhún na nGall lárnú ar Chomhadlann Gníomhach a chuireann ar fáil cur chuige níos bainistíochta do féindheimhniú an úsáideora.
- Rinne ETB Dhún na nGall feidhmiú céimneach ar ríomhpoist d'iomlán daltaí. Anois, tá bainistiú a dhéanamh againn ar chuntais ríomhphoist do chorradh le 1500 ball foirne agus 6000+ dalta. Déanann cuntais ríomhphoist na ndaltaí idirghníomhaíoch i bhfad níos fearr idir múinteoir agus dalta de bharr na feidhmcláir macasamhail Drive agus Classroom. Feiceann muid nach mbeidh sé i bhfad go mbainfear úsáid as ríomhpoist na ndaltaí chun deimhniú a dhéanamh ar úsáideoirí gléasanna móibíleacha ar ár ngréasáin.
- Tá coimisinú déanta ag ETB Dhún na nGall ar shuíomh gréasáin úrnua a dhéanfaidh comhcheangail ar an Chóras Tacaíochta Clár agus Foghlaimeoir (PLSS) agus a cheadóidh cuartú éasca ar chúrsaí do mhic léinn ionchasacha Bhreisoideachas agus Oiliúint.

Turas Allamuigh Trasteorann TFC

Thug ETB Dhún na nGall agus grúpa de 15 príomhoide agus roinnt pearsanra TFC ó fhoras iar-bhunoideachais agus oideachasúla i nDún na nGall cuairt ar cheithre scoil iar-bhunoideachais i gceantar Dhoire/an tSratha Báin i gcomhar leis an tSeirbhís Curaclaim agus Tacaíochta de chuid an Bhoird Oideachais agus Leabharlann an Iarthair (WELB) ar mhaithe le heispéireas agus sainoilteacht ar úsáid Teicneolaíocht Faisnéise sa tseamra ranga a mhalartú. Ba iad príomhoidí agus ball foirne príomha a rinne óstáil ar an chuairt seo go Coláiste St Cecilia, Coláiste St Columb, Coláiste St Mary agus Coláiste Holy Cross.

Bhí sé mar aidhm ag an chuairt tuiscint a fáil orthu seo a leanas:-
- Cén dóigh a n-úsáideann scoileanna de chuid WELB TFC le tacú a thabhairt do theagasc agus foghlaim.
- Cén dóigh a imeascann múinteoirí TFC ina gcuid teagaisc féin le foghlaim na ndaltaí a fheabhsú sna seomraí ranga.
- Cén dóigh a dtugann TFC tacaíocht phraiticiúil do theagasc agus foghlaim sna scoileanna ní amháin le fócas ar an taobh theicniúil de rudaí, macasamhail iPads, Wi-Fi &rl. ach an dóigh ina n-imeascann múinteoirí TFC ina gcuid teagaisc féin agus na daltaí ag foghlaim ar dhóigh atá indéanta ag múinteoir ar bith.

Bhí deis ag na cuairteoirí cuairt a thabhairt ar sheomraí ranga, TFC a fheiceáil úsáidte ag múinteoirí agus daltaí i ndóigheanna praiticiúla sa seomra ranga, agus foghlaim ó na daltaí an dóigh ina n-imeascann siad é ina gcuid oibre ar scoil agus sa bhaile.

Táthar ag súil go mbeidh tuilleadh deiseanna ann sa todhchaí chun forbairt agus cruthú a dhéanamh ar nascanna trasteorann ar seo agus ar réimsí eile den churaclam.

Ceardlann TFC a óstáil ag Scoil Iar-Bhunoideachais i mBaile Átha Cliath
Thug ball foirne ó Choláiste Pobail Naomh Finnian, as Baile Átha Cliath, cuairt ar ETB Dhún na nGall agus chuir siad ar fáil Ceardlann Idirghníomhach ar úsáid TFC mar uirlís chun Teagasc, Foghlaim agus Cumarsáid sa tseomra ranga a fheabhsú. Bhí siad seo á gclúdach acu:

- Bogearraí néalbhunaithe (“google apps”) i gcumarsáid agus ag malartú obair bhaile le daltaí agus tuismitheoirí;
- Rochtain ar Acmhainní;
- Ag cur obair le ríomhphost;
- Ag bogadh ar shiúl ó pháipéar.

Ba é an aidhm a bhí leis an cheardlann ná taiscéaladh a dhéanamh ar mhodhanna chun TF a imeascadh le Teagasc agus Foghlaim, agus an dearcadh atá ag athrú faoin dóigh a dteagascann agus a bhfoglaimíonn muid leis an fhoghlaimeoir san Ionad.

Tá Comhpháirtíocht Oideachas Ceoil Dhún na nGall anois ag feidhmiú leis an chóras áirithinte agus bainistíocht sonraí ar-líne, a ndearna DCS Docs forbairt air, agus tá siad ag leanúit de bheith ag feabhsú an chórais, ar a n-áirítear ag díol ar-líne dá gcuid mac léinn.

## TOSAÍOCHT 18

### Úsáid a bhaint as teicneolaíocht nua agus atá ag teacht chun cinn ar mhaithe le tacú le forbairtí sa teagasc agus san fhoghlaim, agus le bainistiú faisnéise, cumarsáide agus comhoibriú.

Mar gheall ar an fheidhmiú céimneach de Wi-Fi, thug scoileanna isteach iPads agus gléasanna móibíleacha eile do mhúinteoirí.

- Comhordaitheoir TFC sa scoil
- Bhog formhór scoileanna a gcórais riaracháin mac léinn anois go dtí an néal. Cuireann sé seo ar fáil taiscéaladh níos fearr ar líne, m.sh. ligeann sé seo do mhúinteoirí glaonna rolla a dhéanamh ar ghléasanna móibíleacha.
- Feabhsaíonn an t-aistriú ag scoileanna go dtí córais riaracháin ar-líne, cosúil le VSWARE, an infhaighteacht ar agus an idirghníomhaíocht d’iomlán ball foirne agus laghdaíonn sé an ghá le crua earraí inmheánacha faoi leith.
- Bhain cláracha agus seirbhísí na Scoileanna, na gColáistí agus na nIonad úsáid as réimse de theicneolaíochtaí úrnua agus a bhí ag teacht chun cinn sa teagasc agus san fhoghlaim, i mbainistiú faisnéise, cumarsáid agus comhoibriú.

- Rinneadh infheistíochtaí móra in TFC ceannaithe i réimsí mar a leanas:-
  - Tugadh iPads isteach i bhformhór scoileanna. I nGairmscoil na Mainistreach, tá iPads ag an fhoireann go léir chomh maith le traenáil. Bhí an Scoil mar scoil chomhairleach i ndearadh bogearraí do bhainistiú eolais do VSware.
  - Tá teilgeoirí nua sonraí acu seo (Coláiste na Carraige, Coláiste Chineál Eoghain, Coláiste Cranncha, Gairmscoil Mhic Diarmada, Gairmscoil Chú Úladh, Coláiste na Maoile Rua);
  - Cláir Bhána Idirghníomhacha (Coláiste Chineál Eoghain, Coláiste an Earagail)
  - Amharcléiritheoirí (Coláiste Chineál Eoghain, Coláiste na Daoile, Coláiste an Earagail, Coláiste na Maoile Rua)
  - Ríomhairí pearsanta agus ríomhairí glúine (Coláiste Chineál Eoghain, Gairmscoil Mhic Diarmada agus Gairmscoil Chú Úladh).
  - I measc infheistíochtaí eile bhí suiteáil ar Chóras ePortal (Coláiste na Daoile, agus Pobalscoil Bhun an Phobail).
- Rinneadh forbairt bhall foirne ar úsáid TFC agus blaganna agus ag imeascadh TFC sa teagasc agus san fhoghlaim i réimse áiteanna: (Coláiste Ailigh, Gairmscoil Mhic Diarmada, Coláiste Magh Éne, Pobalscoil Bhun an Phobail, Coláiste Phobail Colmcille, Gairmscoil Chaitríona agus Coláiste Gleann Fhinne)
- Baintear úsáid as tuairiscí ríomhghinte i roinnt áiteanna.
- Tosaíodh ar úsáid Cat 6 Cabling chuig gréasán na ríomhairí pearsanta i gColáiste na Daoile.
- Tá seirbhís iomlán Wi-Fi anois i gColáiste Gleann Fhinne.
- Rinne cúpla áit (Coláistí an Earagail agus na Maoile Rua) tuilleadh forbartha agus bhain siad níos mó úsáide as súimh gréasáin na scoile, agus chuir Coláiste an Earagail isteach cláir fógraí leictreonacha in áit cúrsaíochta na mac léinn agus i seomra na foirne.
- Chuir Ambasáid na Polainne maoiniú ar fáil do Choláiste an Earagail i gcóir Cineama Scoile a úsáidtear do ranganna Polainnise sa Scoil Domhnaigh agus do phobal na scoile.
- Ghlac scoláirí ó Choláiste Phobail Colmcille páirt i gcúrsaí na Meáin ar úsáid cineama agus an dóigh le cláracha a phleanáil, a chruthú agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu faoi choinne cláracha Raidió agus Teilifíse.
- Sa tSeirbhís d'Oideachais Aosaigh, sna cláracha BTEI, Foghlaim don tSaol agus Ógtheagmháil tugadh isteach córas úr do bhunachar sonraí chun iomlán eolais a fháil ar mhic léinn a bhí páirteach sna cúrsaí agus na riachtanais casta tuairiscithe do chuid de na cláracha a chuíchoiriú.
- Rinne an Treoirsheirbhís athbhreithniú agus cur i bhfeidhm ar chur chuige nua do thástáil inniúlachta agus spéise bunaithe ar TFC maidir le rogha slí bheatha, agus chuir VTOS níos mó béime ar fhoilsiú faisnéis thábhachtach fá dhoiciméid ar shuíomh gréasáin ETB. Lena chois sin, rinneadh roinnt traenála don fhoireann ar úsáid teicneolaíocht san oideachas.
- In Ionad Oideachais Allamuigh i nGartán, rinneadh forbairt ar Chúrsaí GPS agus baineadh úsáid as GPS am ar bith a raibh a leithéid oiriúnach do chúrsaí loingseoireachta amuigh faoin aer.
- Bhain an tSeirbhís Oideachais Ceoil úsáid as Macs ar mhaithe le saothar ceoil, taifeadhadh agus teicnicí eagarthóireachta a theagasc le linn Cúrsaí in-seirbhíse Samhraidh do Mhúinteoirí agus i rith Scoil Shamhraidh Dhún na nGall don Cheol.





2014 Retirement Function Castlegrove with Shaun Purcell CEO

## TOSAÍOCHT 19

Straitéis fhorásach do chaidreamh poiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do ETB Dhún na nGall.

- Ceann de na spriocanna i bPhlean Oideachais chúig bliana CGO Dhún na nGall ab ea straitéis shoiléir do chaidreamh poiblí a fhorbairt trí Ghrúpa Oibre ar Phróifíl agus Brandáil.
- Táthar ag súil go ndéanfar forbairt ar an straitéis seo faoin aonán nua seo de ETB Dhún na nGall i ndiaidh críoch an phróiseas cónascacháin.
- In 2014, lean Scoileanna, Coláistí agus Seirbhísí ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag forbairt a gcaidreamh poiblí aonair sna slite seo a leanas:-
  - Altanna Rialta sna meáin áitiúla
  - Aonach Bliantúil d'Oideachas Aosach.
  - Suíomhanna gréasáin na Scoileanna, na gColáistí agus na nIonad via suíomh gréasáin baile ETB Dhún na nGall
  - Irisí ó Scoileanna agus Coláistí aonair agus Nuachtlitreacha Ógtheagmhála le daoine áitiúla a chur ar an eolas fá imeachtaí agus gníomhaíochtaí
  - Oícheanta oscailte do Thuismitheoirí agus do Dhaltaí Ionchasacha
  - Cuirtear Drámaí agus Coirmeacha Ceoil ar siúl sna Scoileanna agus Coláistí dara leibhéal go léir



Members of Donegal Youth and Junior Choirs in rehersals

## TOSAÍOCHT 20

Tógáil ar an chaidreamh le páirtithe ábhartha, ina measc an pobal, páirtithe deonacha, páirtithe reachtúla, eagraíochtaí trasteorann agus eagraíochtaí gnó ar mhaithe le spriocanna comhroinnte a bhaint amach.

- I rith 2014, lean gach Scoil agus Coláiste ag obair le agus ag forbairt ar réimse de chomhpháirtíochta áitiúla agus náisiúnta, iad seo ina measc: PDST, FETAC, HSE, SESS, NCSE, NEPS, NEWB, Millennium Forum, Cláracha KEY agus LET, Éachtaí Sóisearacha, Gaisce, Dámhachtainí John Paul II, Cumainn na dTuismitheoirí, Ionad Ban Leitir Ceanainn, Fondúireacht na gCruach Ghorm, Downstrands, Comhlachtaí Comhpháirteacha, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, Ionaid Lae áitiúla, Naomh Uinseann de Pól, Na Samáiraigh, Ógras, Conradh na Gaeilge, GaeLinn, Údarás um Shábháilteacht Bóithre, Gaelscoileanna Teo, Fóras na Gaeilge.
- I roinnt áiteanna, tógadh ar a bpáirtíocht le tuismitheoirí; mar shampla, chuir Coláiste an Earagail ar fáil cúrsaí éagsúla do thuismitheoirí, ar a n-áirítear ranganna Gaeilge, cócaireachta, maireachtáil le daoine óga agus Córais Aisiríoch.
- Bhí roinnt scoileanna páirteach ina gCláracha Críochnaithe Scoile (Coláiste na Maoile Rua) agus le Teagmhálaithe Baile/Scoile (HSCL) maraon le ceangal a bheith ach le heagraíochtaí óige éagsúla, ar a n-áirítear Ionaid Eolais don Óige agus an Loft, clubanna spóirt agus Páirtíocht Spóirt Dhún na nGall.
- Dhírigh Coláiste Gleann Fhinne ar fhorbairt riachtanais speisialta oideachais. Le cur chuige comhtháite le Síceolaí Oideachasúil Sinsearach ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), bhí Síceolaí Oideachasúil an ETB agus múinteoirí an-réamhghníomhach. I bhfoirgneamh úr na Coláiste, tá an rang ASD lárnach sa scoil. Bíonn na daltaí páirteach in imeachtaí tiomsaithe airgid go minic.
- Rinne Coláiste Phobail Colmcille bunteagmháil le scoil i gContae Thír Eoghain d'fhonn iargúltacht an oileáin a úsáid chun físchomhdhálacha a dhéanamh. Lena chois sin, leanadh ar aghaidh lena chomhoibriú dlúith le Lasair, eagras a chuireann imeachtaí cultúrtha, ceol, damhsa agus ceol chun cinn.
- Lean agus tógadh ar réimse de comhpháirtíochtaí trasteorann. Mar shampla, d'fhreastail Coláiste Chineál Eoghain ar chomórtaisí in Lumen Christi, Doire, An Chultarlann i nDoire, Leabharlann Chathrach Dhoire, óráidíocht agus díospóireachtaí le Cumann Gaelach Chnoc na Ros agus Sentinus.
- Tá nascanna idirnáisiúnta ag cuid de na Scoileanna agus na Coláistí, ina measc Gairmscoil Mhic Diarmada atá nasctha le Scoil Ghearmánach atá lonnaithe i Winnipeg, gar do Hanover.
- Bhí Gairmscoil Chú Uladh páirteach in obair le AIB, Cumann Alzheimer Dhún na nGall, Páirtíocht Spóirt Dhún na nGall, Leargas (Clár Comenius), Amharclann an Balor (Ceoldráma Scoile) agus foilsíodh nuachtlitir iomlán scoile – pobal áitiúl.
- Laistigh den tSeirbhís Oideachais Aosaigh, chuir an tIonad Traenála TF ar fáil Scileanna TF, FETAC Leibhéal 4, mar chuid den Chlár Traenála d'Oibrithe Deonacha a bhí a eagrú ag Comhlacht Forbartha Áitiúil Dhún na nGall (DLDC).

- Tá caidreamh láidir déanta ag an chlár BTEI le blianta fada le roinnt gníomhaireachtaí ar a n-áirítear na dó dhéag Ionad Acmhainní Teaghlaigh ar fud an Chontae, Cláracha Forbartha Pobail, Comhlachtaí Comhpháirtíochta Áitiúil, FÁS, Údarás na Gaeltachta agus an Scéim Sóisialta Tuaithe. Dá bharr sin, bhí earcaíocht ina chur chuige comhoibritheach agus chruthaigh na nascanna láidir seo fíorluachmhar i ndáil le rathúlacht soláthar for-rochtana BTEI.

- Tá nascanna ag an chlár d'Oideachas Pobail le go leor páirtithe agus tá rathúlacht an chláir cinntithe ag na nascanna seo. I measc samplái tá FÁS, FSS, Údaras na Gaeltachta, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, Comhlachtaí Comhpháirtíochta, earnáil na mBan agus móran tionscadal pobail chomh maith le tograí trasteorann macasamhail Deaf Communications Infrastructure Development agus Women Into Public Life.

- Lean an tAonach d'Fhoghlaimeoirí Aosaigh 2014, a eagraíonn an Treoirsheirbhís d'Fhoghlaimeoirí Aosaigh, ag tógáil ar rathúlacht na mblianta roimhe sin agus thug siad le chéile soláthraithe oideachais pobail, deonach, reachtúil agus trasteorann chun faisnéis oideachais agus oiliúna a chur ar fáil do dhaoine fásta i nDún na nGall.

- Laistigh den chlár Foghlaim don tSaol, d'fhoilsigh an comhpháirtíocht trasteorann, an Togra um Nascanna Stairiúla, idir ETB Dhún na nGall agus Coláiste Réigiúnach an Iarthuaiscirt i nDoire, d'foilsigh siad leabhar *Them Were the Days* a scríobh rannpháirtithe ó Dhúiche an tSratha Báin agus Oirthear Dhún na nGall, a lainseáil Mr Joe Mahon ar a bhfuil cáil air de bharr *Lesser Spotted Ulster*.

- Lean VTOS ar aghaidh lena chaidreamh maith le fostóirí tríd na socrúcháin oibre.

- Maidir le Ógtheagmháil, lean siad ar aghaidh ag tógaíl agus ag leathnú na gcomhpháirtíochtaí leis an sé ionad ar fud an Chontae agus an Comhordaitheoir Contae do Ógtheagmháil.

- Tá éiteas láidir comhpháirtíochta san Ionad Oideachais Allamuigh i nGartán.

- I gcomhar le Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann, lean an tIonad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh ar aghaidh ag eagrú an Fhéile Sléibhteoireachta Deire Seachtaine an-rathúil darb ainm 'Women with Altitude', sraith cúrsaí agus imeachtaí d'ardphróifíl.

- Mór-imeacht ar an fhéilire spóirt ab ea an chéad trí-atlain rangaithe Leitir Ceanainn, eagraithe ag an Club Trí-atlain 24/7 i gcomhar le, agus ar siúl i nGartán. Bíonn an dá imeacht ar siúl anois go bliantúil.

- Laistigh den tSeirbhís Oideachais Ceoil, tá réimse comhphairtíochtaí ann: Ionad Oideachas Dhún na nGall, Ionad Réigiúnach Cultúrtha, Clár Ealáine Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall, Oifig PEACE III Chomhairle Chontae Dhún na nGall, Scoil Shamhraidh Ceoil Dhún na nGall, LYIT, Cumann na hÉireann um Cheolfhoireann Óige, Banna Práis Naomh Seosamh, Srath Bán, Banna Píb Albanach An Bhréadaigh agus an IFI/Comhairle Forbartha Tuaithe i dTuaisceart Éireann.

    - I mí Feabhra 2014, bhí Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall ar chlár Countrywide, ar RTE Raidió 1. Tharla sé seo ag an am céanna le rannpháirtíoch san 19ú Féile na gCeolfhoirne Óige sa Cheoláras Náisiúnta níos moille an tráthnóna céanna.

    - Bhí 67 de na ceoltóirí óga is fearr i nDún na nGall ag seinm ar an stáitse sa Cheoláras Náisiúnta i gcuideachta roinnt ceolfhoirne óga eile ó áiteanna ar fud na tíre. San áireamh sa chlár bhí Allegretto ó Siansa Uimh. 7 le Ludwig Van Beethoven, Farandole le Georges Bizet, agus Sraith as The Happy Prince le Vincent Kennedy.

  - Ón bhliain 2010, bhí ensemble ó Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall ag obair go rathúil le cumadóir Éireannach amháin an séasúr, ag cur ceol nua chun cinn agus ag coimisinú píosaí nua dá gcnuasach. Bhí Ian Wilson, Derek Ball agus Elaine Agnew páirteach le DCO i ndéanamh ceoil roimhe seo. I mí Feabhra 2014, sheinn Ceolfhoireann Airgeail Dhún na nGall an chéad taibhiú de phíosa sé-ghluaiseachta dar teideal 'The Inishowen Set', a chum John McLachen go speisialta don ensemble téad. Tháinig an cumadóir a bhfuil clú idirnáisiúnta air, ar an tsaol i mBaile Atha Cliath ach ta sé ina chónaí in Inis Eoghain.

- Traenáil agus Oideachas ar Alcól agus Drugaí eile i Réigiún an Iarthuaiscirt

  I gcomhar le Feidmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Iarthar), Fóram Alcóil, Tascfhórsa Drugaí Réigiún an Iarthhuaiscirt agus Ollscoil Luimhnigh, rinne ETB Dhún na nGall seachadadh ar réimse tionscadail oideachais agus traenála ar Alcól agus drugaí eile ar bhunús réigiúnach agus náisiúnta.?

- Chuir na cúrsaí seo ar fáil feabhas ar eolas le forbairt phearsanta agus ghairmiúil ar thús cadhnaíochta sa chlár. Rinneadh cúrsaí mar Scagthástáil agus Gearr-Idirghabhálacha, Dé-fháthmheas, Agallóireacht Inspreagtha do lucht proifisiúnta agus neamh-phroifisiúnta atá ag obair go réamhghníomhach agus sa bhfíorthosach ar chúinsí alcóil agus drugaí eile. Tagann na céimithe ó earnálacha éagsúla, cosúil le síciatracht, leigheas, altracht, obair shóisialta, oideachas, sláinte, ceartas, agus an pobal agus oibrithe deonacha.

- Seirbhísí Síceolaíochta Oideachais

- Leanann an tseirbhís ar aghaidh ag comhoibriú go dlúth le mórán seirbhísí eile agus tá sí i bhfabhar tógáil ar an chaidreamh láidir oibre chun obair ar spriocanna coitianta a éascú. Seo a leanas samplái den chinéal sin:

- Eagraítear cruinnithe rialta leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) faoi choinne pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh.
  - Tá caidreamh maith oibre cruthaithe le seirbhísí na Síceolaíochta Cliniciúla, leis an tseirbhís Meabhairshláinte Déagóirí agus Páistí, seirbhís Jigsaw do dhaoine óga agus oifig an féinmharú a chosc de chuid an FSS.
  - Tá caidreamh maith oibre cruthaithe leis an tSeirbhís Oiliúna agus Tacaíocht Oibre, seirbhísí Tacaíocht Míchumais agus le soláthraithe cláir do dhaoine óga le SEN, macasamhail an Gréasán Náisiúnta Foghlama.
  - Chomh maith le sin, oibríonn an tseirbhís le NEWB ar mhaithe le héascú a dhéanamh, nuair is gá, ar aistriú daoine óga leochaileacha ó scoileanna isteach in fórais oideachasúla eile agus tacú leis na haistrithe sin.

- Leanann an tseirbhís ar aghaidh ag comhoibriú go dlúth le mórán seirbhísí eile agus tá sí i bhfabhar tógáil ar an chaidreamh láidir oibre chun obair ar spriocanna coitianta a éascú.

## TOSAÍOCHT 21

### Struchtúir níos fearr a chur ar fáil chun tacú le forbairt agus imeascadh na Seirbhísí don Óige ar fud an Chontae.

An Creatlach Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta d'Obair don Ógra (NQSF)
Gníomhaíonn An Creatlach Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta (NQSF) mar uirlis tacaíochta agus forbartha d'earnáil na hOibre don Ógra. Cuirtear ar fáil creatlach struchtúrtha trínar féidir measúnú agus feabhsú a dhéanamh ar Obair don Ógra i gCo. Dún na nGall. Tá sé de dhualgas ar an NQSF athbhreithniú agus measúnacht a dhéanamh ar obair don óige agus cuidiú le forbairt leanúnach. Is dóigh é inar féidir le hearnáil an óige "léiriú níos fearr a thabhairt ar a éifeacht agus cleachtas a bhisiú". Bhí trí Eagraíocht don Ógra páirteach sa phróiseas: Togra Ógra Foróige, Seirbhís Ógra Dhún na nGall agus an Togra um Tharraingt an Óige.

Cáigdeáin Náisiúnta Cáilíochta do Ghrúpaí Ógra faoi stiúir Oibrithe Deonacha (NQSVLG)
Cuireadh tús leis an chlár seo do Ghrúpaí/Clubanna Ógra, faoi stiúir oibrithe deonacha, le cáilíocht a chinntiú do ghrúpaí den aos óg. Bhí clubanna agus grúpaí ógra, maoinithe ag Scéim Dheontais áitiúil na gClubanna Ógra, rannpháirteach le tacaíocht ó Oifigeach don Óige as ETB Dhún na nGall agus ó eagraíochta ógra éagsúla. Bhí fáilte roimh na Ceannairí agus na Daoine Óga go léir agus thug an próiseas, mar mhodh chun caighdeáin a choiméad nó a fheabsú, an deis do ghrúpaí ógra a dtiomantas a thaispeáint do sheachadadh cláracha agus gníomhaíochta d'ard-chaighdeán.

Coiste Seirbhíse do Pháistí & Daoine Óga Dhún na nGall (CYPSC)
Faoi choimirce an CYPSC, rinne an tOifigeach don Óige cathaoirleacht ar fo-ghrúpa idirghníomhaireachta chun taiscéaladh a dhéanamh ar chur chun cinn sábháilteacht idirlin/gréasáin i measc páistí agus daoine óga i gCo. Dhún na nGall. Ba iad na heagraíochtaí a bhí páirteach ná ETB Dhún na nGall, Cur chun cinn na Sláinte an FSS, Foróige, Seirbhís Óige Dhún na nGall, Comhairle Óige Dhún na nGall agus Seirbhís Foréigin Baile Dhún na nGall. Rinneadh forbairt ar suirbhé ar úsáid an idirlín i measc daoine óga i nDún na nGall. Scaip Comhairleoirí an Óige an suirbhé ar dhaoine óga i scoileanna agus ar eagraíochtaí don óige.

Scéim Dheontais na gClubanna Ógra Aitiúla (LYCGS)
Rinneadh €42,060 a riaradh i ndeontais bheaga ar 78 Clubanna/Grúpaí Óige ar fud an Chontae, faoin Scéim Dheontais na gClubanna Ógra, faoi choinne réimse leathan de ghníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus oideachasúla: costais reatha, riarachán, oiliúint ceannairí, ceannacht trealaimh agus cláracha speisialta neamhfhoirmiúla oideachasúla agus oiliúna.

Comhairle na nÓg Dhún na nGall
Tá an tOifigeach don Óige ina bhall de Grúpa Stiúrtha Chomhairle na nÓg, ag tacú le obair i réimsí riachtanais macasamhail meabhairshláinte agus fostaíocht do dhaoine óga. Bhí togra SPARKS ar Meabhairshláinte an Óige ina phíosa ollmhór oibre. Ghlac 24 meánscoil sa Chontae páirt ins na taispeántais taistil (thar 800 mac léinn san iomlan). Bhí ceithre thogra de chuid Ógtheagmháil páirteach sna taispeántais chomh maith.

Grúpa Óige 'BreakOut' do Dhaoine Óga LADT (LGBT)
Rinne seirbhís tacaíochta an Ghrúpa 'BreakOut' de LADT forbairt ar imeachtaí 'Chalk It Up' anseo i nDún na nGall, dream a d'eagraigh imeachtaí poiblí le corradh le dhá bhliain agus a thug deis do dhaoine teachtaireachtaí dearfacha a scríobh i gcailc do dhaoine óga LADT atá i suíomhanna fheiceálacha. Reáchtaladh é seo i nDeisceart Dhún na nGall den chéad uair sa bhliain 2014. Tá an tOifigeach don Óige ina bhall den ghrúpa stiúrtha.

Riarachán
Bhí siad seo a leanas i measc na dTuarascála Bliantúla agus na nIarratas Athnuachana Maoiniúcháin a cuireadh chuig an Roinn Leanaí agus Ghnóthaí Óige, ina measc:

- An Clár Daybreak
- Ionad Eolais don Óige, Leitir Ceanainn
- An Tionscadal D.E.C.K. ar Fhorbairt Oideachais don Óige
- Scéim Forbartha Réigiúnach don Óige

Bainistiú Ceannaireacht/Rialachais
Thug an tOifigeach don Óige tacaíocht do réimsí oibre an óige, go háirithe i dtaca le cumarsáid agus caidreamh oibre níos fearr leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Bhí seo i gcomhpháirtíócht leis na Boird Oideachais agus Oiliúna eile tré Chumann na hÉireann do Oifigigh Óige agus Grúpa Oifigigh Óige an Iarthuaiscirt. Rinne an tOifigeach don Óige moltaí ar ábhair macasamhail 'Brighter Outcomes Brighter Futures', an Straitéis Náisiúnta don Óige, Rathaíocht don Aos Óg agus TUSLA, An Ghníomhaireacht un Leanaí agus an Teaghlach, chun polasaí agus nósanna imeachta a chur ar an eolas. Rinneadh ranníocaíochtaí a oibriú ar dhoiciméid rialachais mar chomhaontú leibhéal seirbhíse agus meabhráin tuisceana.

Na Seirbhísí Síceolaíochta

- Bhí an tseirbhís páirteach go gníomhach i bpleanáil chomhoibríoch de na seirbhísí nua darb ainm Meabhairshláinte Jigsaw do Chontae Dhún na nGall agus tá sé rannpháirteach sa Ghrúpa don Rialachas Cliniciúil a chastar le chéile le linn na bliana le hathbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar na seirbhísí cliniciúla do dhaoine óga a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.

- Bhí an tseirbhís páirteach i bhforbairt plean chun bac a chur le féinmharú sa chontae.

# 8.1 Aguisín I

## 8.1.1. Baill Choiste Iniúchóireachta ETB Dhún na nGall 2014

1. David Alcorn Cathaoirleach (Ball Seachtrach)
2. Philip McGlynn
3. An Clr Michael McBride
4. Regina Grant
5. Eunan Cunningham (Ball Seachtrach)
6. Kevin Huston (Ball Seachtrach)

## 8.1.2. Baill Choiste Airgeadais ETB Dhún na nGall 2014

| An Bord roimhe seo | Faoin Bhord Úr |
|---|---|
| An Clr Pádraig Ó Dochartaigh Cathaoirleach | Geoffrey Browne, Cathaoirleach |
| An Clr David Alcorn | An Clr Gary Doherty |
| Oliver McDevitt | An Clr Martin Harley |
| An Clr Michael Grant | Bernadette Ní Dhuibhir |
| An Clr Ian McGarvey | Séamus Bradley (Ball Seachtrach) |
| Bernie Mulhern | |
| An Clr Brendan Byrne | |
| Shaun Purcell, Príomhfheidhmeannach (Ex-officio) | |

## 8.1.3. Bord Oideachais Aosaigh

| | |
|---|---|
| Chris Darby | Cumann na bhPríomhoidí de Mheánscoileanna |
| Aideen Doherty | Bord Forbartha Contae (Aonaid Pobail agus Fiontraíochta) |
| Anthony Doogan | Cumann na bhPríomhoidí de Ghairmscoileanna/Coláistí |
| Sinead Gillespie | Ionadaí Coiste ó ETB Dhún na nGall |
| Marrietta Herraghty | Ionadaí Coiste ó ETB Dhún na nGall |
| Art Mc Grath | Teagasc |
| Patsy Mc Vicar | Cumann na bPobalscoil & na Scoileanna Cuimsitheach (ACCS) |
| Kate Morgan | FRC Bhaile an Mhóta |
| Martina Needham | ETB Dhún na nGall |
| Alan Ó Baoid | Údarás na Gaeltachta |
| Mary O’Malley | FÁS |
| Anita O’Rourke | SIPTU |
| John O'Connell | Cónaidhm Ghnólachtaí & Fhostóirí na hÉireann (IBEC) |
| Charles Sweeney | Comhairle Chontae Dhún na nGall |
| Anne Marie Ward | Feidhmeannacht na Seirbhisí Sláinte (Iarthar) |
| Shaun Purcell | ETB Dhún na nGall |
| Cróna Gallagher | ETB Dhún na nGall |
| An Dr Martin Gormley | ETB Dhún na nGall |

## 9.2 AGUISÍN II – Scoileanna/Coláistí/Ionaid

Scoileana & Coláistí
Gairmscoil na Mainistreach, Baile Dhún na nGall
Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn (Gaelscoil)
Coláiste Chineál Eoghain (Gaelscoil)
Coláiste na Carraige (Gairmscoil na Carraige roimhe seo)
Coláiste Phobail Colmcille, Oileán Thóraí (Gaelscoil agus Scoil Oileáin)
Coláiste Cranncha, Bun Cranncha
Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth
Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn
Coláiste Ghleann Fhinne, Srath an Urláir
Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir (Gaelscoil)
Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór (Scoil Oileáin)
Coláiste Magh Éne, Bun Dobhráin
Coláiste Pobail, Bun an Phobail
Coláiste na Maoil Rua, Baile na nGallóglach
Gairmscoil Naomh Caitríona, Na Cealla Beaga

Ionaid Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh/ Ógtheagmháil
Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh/Ógtheagmháil, Béal Átha Seanaidh
Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh/Ógtheagmháil,– Bun Cranncha
Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh – Baile Dhún na nGall (Drumcliff)
Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh – Baile Dhún na nGall (Ard Scoil na gCeithre Máistir)
Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh/Ógtheagmháil - Gort a'Choirce
Ionad Oideachais/Ógtheagmháil – Leitir Ceanainn
Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh – Leitir Ceanainn
Ionad Ógtheagmhála – Gleann Gad
Ionad Ógtheagmhála - Lifear
Ionad Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh –Baile na nGallóglach
Ionad Traenála Leitir Ceanainn, Baile Raithin
Ionad Oiliúna Ghaoth Dobhair

## 9.3 AGUISÍN III – Giorrúcháin & Eochairthagairtí

Tuismitheoir - tagairt do Thuismitheoir nó Caomhnóir
Mac Léinn - tagairt do Dhalta/Oiliúnóir/Foghlaimeoir

| | |
|---|---|
| CEO | Príomhfheidhmeannach |
| CDB | Bord Forbartha Contae |
| CPD | Forbairt Leanúnach Phroifisiúnta |
| BTEI | An Tionscnamh um Filleadh ar Oideachas |
| DES | An Roinn Oideachas & Scileanna |
| DEIS | Ag Seachadadh Comhionannas Deiseanna i Scoileanna |
| EO | Oifigeach Oideachais |
| FETAC | Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais & Oiliúna |
| GCCC | Coiste Conarthaí Foirgníochta an Rialtais |
| HACAP | Hawkeye Area Community Action Program, Inc |
| HSE | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| IVEA | An Cumann Gairm-Oideachais in Éirinn |
| JCSP | Teastas Sóisearach – Clár Scoile |
| LCA | An Ardteistiméireacht Fheidhmeach |
| LCVP | Gairmchlár na hArdteistiméireachta |
| LET | Clár Leárgas |
| LDS | Forbairt Ceannaireachta do Scoileanna |
| LGBT | Lucht Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach |
| LMESP | Comhpháirtíocht Áitiúil do Sheirbhís Oideachais Ceoil |
| LYIT | Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn |
| NBSS | An tSeirbhís Náisiúnta do Thacaíocht Iompraíochta |
| NCSE | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| NEPS | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| NEWB | An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais |
| NGB | An Bord Náisiúnta Rialachais |
| NUI | Ollscoil Náisiúnta na hÉireann |
| PLC | Iar-Ardteistiméireacht |
| SESS | An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta |
| SDPI | Tionscnamh Pleanála le haghaidh Forbairt Scoile |
| SLSS | Seirbhís Tacaíochta don Dara Leibhéal |
| SNA | Cúntóir Riachtanais Speisialta |
| SPHE | Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte |
| TLT | Oiliúnaí Tríú Leibhéal – Scéim Deontais Cothabhála Tríú Leibhéal |
| TUI | Aontas Múinteoirí Éireann |
| ETB | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| VTOS | Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais |
| WSE | Measúnacht ar an Scoil Uile |

© Alan Reid Design + Print T: 074 91 32744

Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*

ETB Dhún nan Gall
Oifigí Riaracháin
Ard Uí Dhónaill
Leitir Ceanainn
Co.Dhún na nGall
Teil: 074 91 61600
R-phost: info@donegaletb.ie

Tuarascáil Bhliantúil 2013 curtha le céile ag:
Ms Anne McHugh, Ms Jacqui Dillon, Dr Sandra Buchanan
and Ms Eileen Dennison